Suirbhé ar Sheirbhísí Teaghlaigh sa Ghaeltacht:

anailís ar ábhar cáilíochtúil an tSuirbhé



An Dr Laoise Ní Thuairisg

Tuismitheoirí na Gaeltachta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

Údarás na Gaeltachta

Clár

Cúlra 3

Modheolaíocht 3

Anailís 5

Códú 5

Torthaí 5

Grúpa A: Seirbhísí agus Imeachtaí do Theaghlaigh 6

Fíor A1 Seirbhísí agus Imeachtaí Sóisialta do Theaghlaigh 7

Fíor A2 Seirbhísí agus Imeachtaí Sóisialta do Theaghlaigh 7

Eolas maidir leis an bhfáil atá ar sheirbhísí teaghlaigh 8

Ceist na teanga i soláthar na seirbhísí 9

Oiriúnacht na seirbhísí d'aoisghrúpaí ar leith 11

Oiriúnacht na seirbhísí do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu 12

Grúpa B: Imeachtaí litríochta agus seirbhísí teanga do theaghlaigh 12

Fíor B1 Imeachtaí Litríochta agus Seirbhísí Teanga do Theaghlaigh 13

Fíor B2 Imeachtaí Litríochta agus Seirbhísí Teanga do Theaghlaigh 14

Eolas maidir leis an bhfáil atá ar sheirbhísí 14

Soláthar ar chlub leabhar 15

An fhoghlaim agus an fhorbairt teanga 16

Grúpa C: Ranganna agus Imeachtaí: Ceol, amhránaíocht agus drámaíocht 19

Fíor C1 Ranganna agus Imeachtaí: Ceol, amhránaíocht agus drámaíocht 19

Fíor C2 Ranganna agus Imeachtaí: Ceol, amhránaíocht agus drámaíocht 20

Oiriúnacht na seirbhísí d'aoisghrúpaí ar leith 20

Ról na scoile i soláthar na seirbhísí 21

Raon an tsoláthair 22

Grúpa D: Ranganna agus Imeachtaí: Damhsa, sport agus ealaín 24

Fíor D1 Ranganna agus Imeachtaí: Damhsa, spórt agus ealaín 24

Fíor D2 Ranganna agus Imeachtaí: Damhsa, spórt agus ealaín 25

Cur chuige i leith úsáid teanga i soláthar na seirbhísí 25

Raon an tsoláthair 27

Grúpa E: Áiseanna spraoi, leictreonacha agus ar-líne 28
Fíor E1: Grúpa E: Áiseanna Spraoi, leictreonacha agus ar-líne 29
Fíor E2: Grúpa E: Áiseanna Spraoi, leictreonacha agus ar-líne 29
Soláthar na seirbhísí 30
Ceist na teanga sa soláthar áiseanna spraoi, leictreonacha agus ar-líne 31
Grúpa F: Seirbhísí Stáit: sláinte 32
Fíor F1: Grúpa F: Seirbhísí Stáit: Sláinte 32
Fíor F2: Seirbhísí Stáit: Sláinte 33
Úsáid na teanga i soláthar seirbhísí sláinte 33
Grúpa G: Seirbhísí oideachais agus cúram leanaí 36
Fíor G1: Grúpa G: Seirbhísí Oideachais agus cúram leanaí 37
Fíor G2: Grúpa G: Seirbhísí Oideachais agus cúram leanaí 37
Seirbhísí luathbhlianta 38
Nótaí trachta breise 39
Seirbhísí luathbhlianta agus cúram leanaí 40
Seirbhísí sláinte lán-Ghaeilge 41
Feasacht agus oiliúint 41

Tátal agus Moltaí **43**
Eolas á dháileadh 43
Eolas á dháileadh: Moltaí 43
Úsáid na teanga agus soláthar na seirbhísí 43
Úsáid na teanga agus soláthar na seirbhísí: Moltaí 44
Riachtanais á n-aithint agus leanúnachas idir riachtanais agus soláthar seirbhísí 44
Riachtanais á n-aithint agus leanúnachas idir riachtanais agus soláthar seirbhísí: Moltaí 44
Seirbhísí sláinte agus cearta teanga 44
Seirbhísí sláinte agus cearta teanga: Moltaí 45
Taighde san earnáil i gcoitinne 45
Taighde san earnáil i gcoitinne: Moltaí 46

Focal Scoir **46**

Cúlra

Modheolaíocht

Cúlra

Thug Tuismitheoirí na Gaeltachta faoi Shuirbhé ar Sheirbhísí Teaghlaigh sa Ghaeltacht (SSTG feasta) ag tús 2021. Bhí ceithre chuspóir leis an suirbhé:

- Eolas a bhailiú faoi sheirbhísí teaghlaigh atá/nach bhfuil ar fáil sa Ghaeltacht agus cén teanga ina bhfuil na seirbhísí sin ar fáil
- Cén úsáid a bhaintear as na seirbhísí teaghlaigh i nGaeilge
- Cén t-éileamh atá ann ar sheirbhísí teaghlaigh i nGaeilge
- Cé chomh sásta is atá teaghlaigh le cúrsaí teanga na seirbhísí teaghlaigh atá ar fáil i nGaeilge

Glactar leis go bhfuil seirbhísí comónta ar fáil do theaghlaigh Ghaeltachta lena n-airítear seirbhísí cúram leanaí, seirbhísí luathoideachais, seirbhísí oideachais agus seirbhísí dírithe ar chaithimh aimsirí coiteann mar atá spórt, ceol, ealaíon agus réimsí eile nach iad. Bhí mar aidhm ag an SSTG iniúchadh a dhéanamh ar na seirbhísí seo agus ar shainseirbhísí teaghlaigh nach bhfuil fáil fhorleathan orthu ach a mbeadh tairbhe le baint ag teaghlaigh Ghaeltachta astu. Is iad na seirbhísí sin a bhí mar ábhar ag an SSTG agus atá dá réir mar ábhar ag an tuarascáil seo.

Ghlac 1,059 teaghlach Gaeltachta páirt sa suirbhé a reáchtáladh ar líne. Bhí 49 buncheist faoi sheirbhísí teaghlaigh sa cheistneoir agus roinneadh na ceisteanna sin i seacht gcinn de ghrúpaí de sheirbhísí comónta. I measc na ngrúpaí sin bhí seirbhísí sláinte, seirbhísí oideachais agus cúram leanaí, imeachtaí sóisialta do theaghlaigh, ranganna do pháistí agus eile. Is sainseirbhísí iad na seirbhísí luaite sa suirbhé agus ní gá go mbeadh fáil fhorleathan orthu sna ceantair uile Ghaeltachta.

Díríodh sa SSTG ar theaghlaigh a raibh gasúir idir náid agus dhá bhliain déag iontu. É sin ráite, is léir gur thug na rannpháirtithe faoin gceistneoir bunaithe ar a dtaithí phearsanta agus taithí a gclainne, bíodh siad sna haoisghrúpaí sin nó ná bíodh agus tá sé seo le sonrú sna nótaí tráchta. Ar mhaithe le léargas iomlán a thabhairt ar thaithí na rannpháirtithe ar sheirbhísí teaghlaigh i gcoitinne agus lena chinntiú go bhfuil guth á thabhairt dóibh siúd a roinn a dtuairimí, cuirtear na nótaí tráchta uile san áireamh sa tuairisciú.

Ticeáil boscaí is mó a bhí i gceist leis an suirbhé agus bhí bosca fágtha ag deireadh gach aon cheist agus ag deireadh an tsuirbhé arís le deis a thabhairt do dhaoine a gcuid tuairimí nó tuilleadh eolais a thabhairt. Fágadh 1,127 nóta tráchta ar an iomlán. Tugadh eolas tábhachtach agus úsáideach i líon suntasach de na nótaí seo agus tar éis fhoilsiú an SSTG bhí mar aidhm ag Tuismitheoirí na Gaeltachta an t-ábhar seo a scagadh, a lonnú i gcomhthéacs thorthaí an tsuirbhé agus a chur i láthair mar ábhar tacaíochta don SSTG. Is chuige sin an tuarascáil seo.

Modheolaíocht

Sula dtugtar cur síos ar an modheolaíocht ar baineadh leas aisti agus an tionscadal seo idir lámha, níor mhiste a lua gur tionscadal ar leith a bhí gceist sa mhéid is go raibh sé mar aidhm ag an taighde anailís a dhéanamh ar ábhar a bhí bailithe cheana féin agus a chuirfeadh le torthaí a bhí curtha i láthair agus foilsithe cheana féin. Ní raibh ról ag an taighdeoir seo i ndearadh, in anailís ná i gcur i láthair an SSTG.

Glactar leis, mar sin féin, gurb iad buncheisteanna an taighde atá go fóill mar ábhar ag an anailís. Is iad sin arís:

- Cé na seirbhísí teaghlaigh atá/nach bhfuil ar fáil sa Ghaeltacht agus cén teanga ina bhfuil na seirbhísí sin ar fáil?
- Cén úsáid a bhaintear as na seirbhísí teaghlaigh i nGaeilge?
- Cén t-éileamh atá ann ar sheirbhísí teaghlaigh i nGaeilge?
- Cé chomh sásta is atá teaghlaigh le cúrsaí teanga na seirbhísí teaghlaigh atá ar fáil i nGaeilge?

Déantar gach iarracht an anailís ar na nótaí trachta seo a chur i gcomhthéacs na hanailíse a cuireadh i láthair cheana féin sa SSTG agus baintear leas as fíoracha agus torthaí cainníochtúla an tsuirbhé sin ar mhaithe le léargas cruinn a thabhairt ar an gcomhthéacs ina luíonn na nótaí trachta. Déantar iarracht freisin eolas ábhartha nua nó breise a eascraíonn as na nótaí trachta a chur i láthair agus an t-eolas sin a chur i gcomhthéacs mhórspriocanna an bhuntaighde.

Tá cur síos déanta sa SSTG ar an tíreolaíocht agus déimeagrafaíocht a bhain le rannpháirtithe an cheistneora agus raon leathan tíreolaíoch ar fud na gceantar Gaeltachta agus réimse leathan aoiseanna i gceist leis na teaghlaigh a líon an suirbhé.

Léirítear líon na dteaghlach a líon an suirbhé briste síos de réir contae san fhíor thíos.



Tugtar faoi deara go bhfuil an ionadaíocht chéanna thíreolaíoch le sonrú sna nótaí trachta ar na ranna éagsúla den SSTG.

Dáileadh an ceistneoir seo tráth go raibh COVID-19 ag scaipeadh go láidir agus srianta bainteach leis an bpaindéim sin ag cur bac ar sholáthar líon suntasach seirbhísí teaghlaigh. Is cinnte go raibh tionchar nach beag ag na srianta sin ní hamháin ar rannpháirtíocht na dteaghlach in imeachtaí agus seirbhísí éagsúla ach freisin ar a bhfeasacht ina leith.

Anailís

Códú

Is ábhar cáilíochtúil amháin a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo, i.e., ábhar a bailíodh ó na nótaí tráchta a thug rannpháirtithe sa SSTG. Mar sin cuireadh próiseas códaithe i bhfeidhm ar mhaithe le hanailís agus sintéisiú a dhéanamh ar an ábhar sin.

Séard ata i gceist leis an gcódú píosaí eolais (imeachtaí, gnéithe, iompar srl.) a bhaineann le réimse áirithe a aithint san ábhar taighde. Déantar idirdhealú idir na píosaí éagsúla eolais seo d'fhonn grúpaí níos cuinge a chruthú ar mhaithe le scéal a insint nó léargas a thabhairt (Given, 2008). Dar le Saldana (2021) go bhfuil dhá thimthriall sa chódú, an chéad timthriall ina ndéantar anailís ar an ábhar: nuair a bhaintear an t-eolas óna chéile ar mhaithe le léargas níos leithne agus níos soiléire a thabhairt don taighdeoir. Déantar trácht air seo freisin mar chódú oscailte (Given, 2008). Sintéis nó códú dírithe nó roghnaitheach atá i gceist leis an dara timthriall den chódú ina ngrúpáiltear píosaí eolais le chéile d'fhonn brí nua a bhaint as an ábhar.

Maidir le hábhar an SSTG, bhí catagóiriú déanta ar an ábhar roimh ré sa mhéid is go raibh grúpáil déanta cheana féin ar na ceisteanna, agus dá réir ar na freagraí a tugadh, i rannóga áirithe bunaithe ar na réimsí seirbhísí lenar bhain siad. Cloítear leis an ngrúpáil sin san anailís tosaigh agus sa chur i láthair. Cuirtear coincheapa nó téamaí úra an taighde a d'eascair as an bpróiseas iomlán códaithe i láthair i dtátal na tuarascála.

Ar mhaithe le hionadaíocht chruinn a dhéanamh ar ionchur na rannpháirtithe fágtar na nótaí tráchta mar a scríobhadh iad ach amháin sa chás go luaitear ainm eagraíochta nó logainm a thugann ceantar áitiúil an rannhpháirtí le fios. Sa chás sin baintear leas as téarma ginearálta mar chur síos agus cuirtear sin i lúibíní. Fágtar botúin chló agus earráidí litrithe mar atá.

Tugtar aghaidh ar dtús báire ar thorthaí an taighde.

Torthaí

Torthaí

Cuirtear i láthair anseo ar dtús na téamaí de réir mar a bhaineann siad leis na grúpaí réamhdheartha sa SSTG. Meabhraítear na grúpaí sin don léitheoir thíos:

- Grúpa A: Seirbhísí agus imeachtaí do theaghlaigh
- Grúpa B: Imeachtaí litríochta agus seirbhísí teanga do theaghlaigh
- Grúpa C: Ranganna agus imeachtaí: ceol, amhránaíocht agus drámaíocht
- Grúpa D: Ranganna agus imeachtaí: damhsa, sport agus ealaíon
- Grúpa E: Áiseanna spraoi, leictreonacha agus ar-líne
- Grúpa F: Seirbhísí Stáit: sláinte
- Grúpa G: Seirbhísí oideachais agus cúram leanaí

Tugadh deis do rannpháirtithe ag deireadh an tsuirbhé a dtuairim ar réimse ghinearálta an tsuirbhé a thabhairt dá mba mhian leo é agus déantar rangú orthu siúd sa tuarascáil seo faoin teideal, 'nótaí trách ta breise'.

Cuirtear i láthair sa chuid seo den tuarascáil torthaí na hanailíse ar na nótaí trách ta a fágadh faoi na ceannteidil thuas. Bunaítear na téamaí ar an bpróiseas códaithe a cuireadh i bhfeidhm ar na nótaí uile agus cuirtear na téamaí i láthair faoi cheannteideal na ngrúpaí réamhdheartha ón SSTG. Tugtar léargas i dtosach ar na téamaí a bhain le Grúpa A: Seirbhísí agus Imeachtaí do Theaghlaigh.

Grúpa A: Seirbhísí agus Imeachtaí do Theaghlaigh

Sa SSTG cuireadh ceist ar rannpháirtithe an raibh na seirbhísí seo a leanas ar fáil ina gceantar: ceardlann nó seisiún réamhbhreithe do thuismitheoirí atá ag súil le páiste; grúpa spraoi do thuismitheoirí agus leanaí; suathaireacht do leanaí (baby massage) nó imeachtaí eile do thuismitheoirí agus leanaí óga m.sh snámh, céadfach (sensory) srl; siamsán nó ócáidí siamsaíochta don teaghlach; Tóraíocht Taisce nó siúlóidí teaghlaigh; scoil choille/ foraoise do theaghlaigh nó do pháistí.

Thuairiscigh 19% de rannpháirtithe go raibh na seirbhísí seo ar fáil i nGaeilge, 12% go raibh na seirbhísí seo ar fáil i mBéarla, 8% go raibh na seirbhísí seo ar fáil go dátheangach agus dar le 61% nach raibh na seirbhísí seo ar fáil nó níorbh eol dóibh an raibh fáil orthu nó nach raibh i gceachtar teanga[1]. Sa chás go raibh na seirbhísí ar fáil i nGaeilge, thuairiscigh 34% go mbaineann siad úsáid astu, 26% nach mbaineann, 19% gur bhain san am atá caite agus 21% go mbainfeadh amach anseo[2]. Sa chás nach raibh na seirbhísí ar fáil i nGaeilge, thuairiscigh 71% go mbainfidís úsáid astu dá mbeidís ar fáil agus 29% nach mbainfeadh.

1 Maidir leis an rangú seo de 'Níl/Níl a fhios agam' atá sa ghrúpa seo agus i ngach grúpa eile ó B – G, níor mhiste a lua go gcruthaíonn an rangú seo deacracht agus anailís ar bun sa mhéid is nach léir an é nach bhfuil an tseirbhís ar fáil, gné a léireodh bearna sa soláthar, nó an é nach bhfuil eolas i measc an phobail maidir leis an bhfáil atá ar an tseirbhís, gné a léireodh bearna san fheasacht agus/nó sa soláthar. Bunaítear an anailís ar an rangú a rinneadh sa SSTG ach b'fhiú an cheist seo a fhiosrú arís i dtaighde a bheadh ar bun amach anseo ar mhaithe le léargas cruinn a fháil ar staid reatha an tsoláthair agus na feasachta maidir le seirbhísí teaghlaigh sa Ghaeltacht.

2 Glactar leis go bhfuil an baol ann go bhfuil an friotal seo a bhí in úsáid sa SSTG débhríoch. Glactar leis sa chás seo agus sna cásanna eile ina bhfuil an fhoclaíocht chéanna in úsáid gur úsáid san am atá le teacht atá i gceist.

Astu siúd a bhaineann úsáid as na seirbhísí i nGaeilge, fiosraíodh an raibh siad sásta le cúrsaí teanga na seirbhísí sin: tá tromlach suntasach (91%) sásta nó an-sásta le cúrsaí teanga na seirbhísí faoi chaibidil.

Is fiú ag an tráth seo súil a chaitheamh ar an leibhéal úsáide sna seirbhísí a cuireadh faoi bhráid na rannpháirtithe. Léirítear san fhíor thíos na seirbhísí teaghlaigh atá ar fáil ag leibhéal náisiúnta agus an teanga ina seachadtar iad. Tógtar an t-eolas agus na fíoracha ón SSTG.



Fíor A1 Seirbhísí agus Imeachtaí Sóisialta do Theaghlaigh

Léirítear san fhíor thíos an úsáid a bhaintear as na seirbhísí ina measc siúd a thuairiscigh go raibh na seirbhísí sin ar fáil i nGaeilge ina gceantar.



Fíor A2 Seirbhísí agus Imeachtaí Sóisialta do Theaghlaigh

Maidir leis na nótaí trachta a tugadh faoin gceannteideal seo bhí 94 nóta trachta i gceist. Astu seo bhí seacht nóta trachta neamhbhailí[3] don phróiseas códaithe.

3 Cinneadh go raibh nóta trachta neamhbhailí don chódú nuair a bhí an freagra doléite nó nár tugadh ach freagra tá/níl nó sea/ní hea toisc gur cuireadh an t-eolas sin san áireamh sa cheistneoir agus nach bhfuil freagraí den chineal seo oiriúnach don phróiseas códaithe.

Is iad na príomhthéamaí a d'eascair as an bpróiseas códaithe sa ghrúpa seo:

- eolas maidir leis an bhfáil atá ar sheirbhísí
- ceist na teanga i soláthar na seirbhísí
- oiriúnacht na seirbhísí d'aoisghrúpaí ar leith
- oiriúnacht na seirbhísí do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu

Léirítear taithí agus tuairimí na rannpháirtithe i leith na dtéamaí sin thíos.

Eolas maidir leis an bhfáil atá ar sheirbhísí teaghlaigh

Tugann rannpháirtithe le fios go bhfuil easpa eolais ina measc maidir leis na seirbhísí atá ar fáil. Níor mhór a lua nach gá gur léiriú é seo ar leibhéal feasachta an phobail uile ach an leibhéal feasachta atá ina measc siúd a ghlac páirt sa taighde i leith na sainseirbhísí sin a bhí faoi chaibidil ag an SSTG.

Tarlaíonn in amanntaí nach bhfuil rannpháirtithe cinnte faoi na seirbhísí teaghlaigh atá ar fáil de bharr nár thosaigh siad ag cur fúthu sa cheantar ach le gairid:

> *Do thánamair anso ó chianaibh agus tá gach rud dúnta fé láthair mar gheall ar an víreas. De bhrí sin, níl a fhios againn cé na seirbhísí a bhíonn ar fáil go hiondúil. Dúirt banaltra … linn ná fuil seirbhísí réamhbhreithe ar fáil ach ar líne. Nílid na fístaifid féna raibh sí ag caint ar fáil i nGaelainn.*

> *we are new to the area so some services we would not be aware of vs others at this stage and if only in Irish or both*

I gcás roinnt rannpháirtithe eile, tuigtear dóibh go mbeidh na seirbhísí de dhíth orthu amach anseo, ach nach eol dóibh, ó tharla nach rabhadar ag tarraingt orthu go dtí seo, cá bhfuil an t-eolas maidir leis na seirbhísí seo ar fáil:

> *Mar go bhfuil muid ag súil go gairid níl mórán eolais againn go fóill faoi na seirbhísí agus níl a fhios againn cá mbeadh siad ar fáil*

Tarraingíonn roinnt rannpháirtithe aird ar an ról atá ag an idirlíon i ndáileadh eolais maidir leis na seirbhísí teaghlaigh atá ar fáil:

> *It can be difficult to find services [that] are available. I believe there is potentially a lot on offer around [locally] but it is very difficult to find this information online*

> *Nuair atá tú ag obair go lán aimseartha bíonn sé deacair uaireanta teacht ar na seirbhísí ag am cuí agus uaireanta ní chloisim fúthu go bhfuilid thart - bheadh sé go maith fógra ar na meáin - Facebook nó irisí áitiúla a úsáid chun bolscaireacht a dhéanamh - ag tabhairt tamall maith do nóitís dúinn roimh ré chun pleanáil ar aghaidh*

I gcás rannpháirtithe eile, ní leor an t-idirlíon agus ní mór, dar leo, a chinntiú go bhfuil eolas á dháileadh ar shlite eile freisin:

> *Tuigim go b'fhéidir go bhfuil na seirbhísí seo ar fáil ar líne, ach bheadh sé iontach go mbeadh áisitheoir ar fáil sna ceantair Gaeltachta a bheadh*

in ann an t-eolas a thabhairt i nGaeilge srl. nó chun traenáil a chur ar fáil msh. "train the trainer"

Ní baineann mé mórán ásáid as na Meáin shóisilata.. seans go bhfuil an t-eolas crochta ansin. Is tríd an Gaelscoil a chloisim eolas faoi aon rud […] do na páistí

Ar deireadh, deir sciar eile rannpháirtithe nach eol dóibh an bhfuil na seirbhísí teaghlaigh seo ar fáil:

Níl a fhios agam an bhfuil siad ar fáil, D féadfaidh go bhfuil siad

B'fhèidir go bhfuilid ar fàil. Nìlim cinnte.

Is beag eilas faoi sheirbhisí tre Ghaeilge ar fail do phaisti [go háitiúil]

Tharlódh sé gur ann do na seirbhisí thuasluaite i ngaeilge nó go dá theangach, ach más ann, níor casadh orainn iad

Meabhraítear arís don léitheoir nach gá gur léiriú é seo ar easpa seirbhísí sa réimse seo. Léirítear, mar sin féin, go bhfuil gá le straitéis feasachta agus dáilte eolais ar mhaithe leis an raon seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge a chur ar a súile don phobal. Is fiú a lua freisin go bhfuil gá a chinntiú nach straitéis dírithe ar riachtanais reatha an phobail amháin a bheadh i gceist ach go mbeadh eolas ar fáil maidir leis na seirbhísí atá agus a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar an bpobal ag staideanna faoi leith de shaol na clainne. B'fhiú an straitéis feasachta seo a bhunú ar chontanam an chúraim leanaí lena chinntiú nach bhfágtar déimeagrafach ar bith, tuismitheoir / caomhnóir ná gasúr, ar lár. Pléitear seo níos faide anonn sa tuarascáil agus tátail á gcur i láthair.

Ceist na teanga i soláthar na seirbhísí

Is léir ón SSTG go bhfuil leibhéal an-ard sástachta i measc rannpháirtithe an taighde seo maidir le caighdeán na seirbhísí teaghlaigh atá ar fáil i nGaeilge agus a rian sin le sonrú freisin ina ndearcadh maidir le húsáid na teanga sa soláthar:

Tá an leibhéal teanga den scoth ann

ón gcleachtadh a bhí agam ag aon seirbhísí a chur [eagraíocht teaghlaigh] ar fáil... bhí sin amhlaidh...d'fhág sin go raibh iontaobh agam as aon ní a eagrófaí agus mholfainn do dhuine ar bith iad a bheadh seirbhísí dá leithéide uathub....

Maidir le teanga seachadta an tsoláthair, léiríonn na torthaí raon leathan tuairimíochta i leith an ábhair. Dar le roinnt rannpháirtithe gur cur chuige aon-teangach Gaeilge is fearr leo agus moladh á thabhairt d'eagraíochtaí agus fóraim ar leith a dhéanann éascaíocht air sin:

sular thosaigh [eagraíocht teaghlaigh] ag eagrú ócáidí.... ní rachainn ag ócáidí mar sin mar thuig mé go mbeadh orm iompú ar an mBéarla i láthair mo pháistí agus níos theastaigh sé sin uaim... is breá ann an deis agus an rogha

Ní roghnaím ach a dhul chuig seirbhísí gaeilge san áit nach géarchéim sláinte é

Bíonn polasaí teanga ag [eagraíocht teaghlaigh] agus is mor an faoiseamh é seo do thuismitheoirí. Tá fhios againn nach mbeidh aon cheist ann faoi chúrsaí teanga agus go mbeidh na gasúir in ann bheith ag gaelgóireacht leo go nádúrach. Tá sé iontach. Mholfainn do dhreamanna eile é seo a dhéanamh

Maidir le ceist an pholasaí teanga, is é sin an polasaí teanga i leith úsáid na teanga i soláthar na seirbhísí, tarraingíonn roinnt rannpháirtithe aird ar thábhacht an pholasaí ar mhaithe le cur chuige teanga a aontú, a chothú agus a bhainistiú:

Tá na hócáidí á reachtáil ag [eagraíocht teaghlaigh] thar barr ó thaobh nósmhaireacht teanga. Nì ionann AON eagraíocht óige eile - go deimhin, is cosúil go bhfuil faitíos roimh pholasaí teanga, ar eagla nach dtaitneodh sé le tuusmitheoirí áirithe. Ciallaíonn sé seo NACH mbíonn freastal ar chainteoirí gaeilge. NB. Is é mo thaithí nach mbíonn fadhb ar bith ag PÁISTÍ le polasaì láidir teanga, fiù má thagann siad ó theaghlaigh nach í an ghaeilge T1, go háirithe má thagann siad ó scoil le polasaí láidir teanga.

bíonn polasaí teanga i bhfeidhm ag ócáidí [eagraíocht teaghlaigh] agus bíonn a fhios agat sin sula dtéann tú ann agus is maith ann é, tá sé riachtanach go gcuirfí an polasaí teanga i bhfeidhm

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh na seirbhís seo á gcur ar fáil gan cheist sna ceantrachaí Gaeltachta agus nach nglacfaí lena bheith i mBéarla amháin fiú nuair nach mbíonn i láthair ach duine amháin gan Béarla... tugter isteach don Bhéarlóir i gcónaí ar mhaithe le bheith múinte... glactar leis go bhfuil Béarla againn ar aon nós agus nach é sin a ndóthain.. bhuel,.,,, ní shea... tá [eagraíocht teaghlaigh] ag cur seirbhísí sóisialta thar cionn ar fáil agus d'éirigh le mo chuid gasúir casadh le gasúir eile atá dhá dtógáil le Gaeilge […] níl ort imní bheith ort go n-imprófar ar an mBéarla agus dá n-imprófaí fhéin...ní bheadh aon leisce ar chomhordaitheoirí / tuismitheoirí eile a mheabhrú go múinte gur seirbhís trí Ghaeilge atá ann.. tá an choinníoll teanga RIACHTANACH ach níos tábhachtaí fós... caithfear a chinntiú go gcloífear leis agus go gcuirfear aon chleachtadh teanga i bhfeidhm mar is cuí

Dar le rannpháirtithe eile nach n-oireann an polasaí i gcás na seirbhísí áirithe seo atá á soláthar agus go bhfuil gá cur chuige níos oscailte a ghlacadh i leith úsáid na teanga agus na rannpháirtíochta:

Ní aontaim le polasaí teanga Gaeilge amhain. Tá Gaeilge breá ag mo chuid gasúir ach is Gaeilge nadúrtha atá acu agus ní theann sí síos ró mhaith le lucht an Ghaeilge leabhair.

Táimse den tuairim gur amhlaigh is mó teangacha atá ag gasúir ag luath aois gurb amhlaigh is fearr díobh é. Tá siad dá gcuir arais isteach i mboscaí agus dúnadh síos sprioc dheis foghlama ar mhaithe le beatha teanga amhain. ""Intergration ní Segregation"" atá ag teastail

Deir rannpháirtithe eile gur bac an cur chuige aonteangach Gaeilge ar an rannpháirtíocht do thuismitheoirí / chaomhnóirí, agus dá bharr sin, dá gclann:

> *I personally found that it was difficult to converse with parents in these groups as the main objective was to speak the Irish language... at the time my Irish was limited and I struggled to converse.... and the native speakers tended to be locals that knew each other... I was the only new person to the area and I couldn't engage with the other moms as I would have liked to*
>
> *I'd prefer a bilingual options, if all Irish i probably would be less likely to attend*
>
> *I think it's important to have English/Irish translation as we don't use Irish everyday and it would help to understand and remind us the meaning. I would imagine lots of people would avail of the services if it was both*

Tugann roinnt rannpháirtithe le fios gur soláthar dátheangach de sheirbhísí teaghlaigh an rogha is fearr leo féin. Ar an lámh eile, cuireann roinnt eile rannpháirtithe in iúl gur fearr leo cur chuige aonteangach Béarla de bharr a n-easpa cumais sa Ghaeilge:

> *I do not speak irish and as a parent would prefer these groups remain in english as i believe most parents here are the same and it can be regressive to other learning for children who struggle with the language they need to learn*

Cuireann rannpháirtithe gnéithe bainteach le déimeagrafach an phobail san áireamh agus cur chuige lán-Ghaeilge sa soláthar á phlé:

> *Cé gur i nGaeilge a reáchtáiltear an grúpa, bíonn daoine/teaghlaigh nach bhfuil aon Ghaeilge acu ag freastal air freisin.*
>
> *Tá go leor gaeilge dona thart agus tá sé deacair a bheith a tabhairt amach go mo dhream mar gheall go bhfuil siadsan ag déanamh an rud céanna. NÍ mhór abhar ina gcannúint fhéin a chuir ar fáil do na gasúir.*

Tugtar faoi deara sna samplaí thuas gur scáthán na tuairimí sin thuas ar an raon leathan déimeagrafaíoch atá ag cur fúthu i gceantair Ghaeltachta, teaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge amháin nó an Béarla amháin á labhairt agus teaghlaigh dhátheangacha. Is deacair soláthar iomlán seirbhísí agus imeachtaí do theaghlaigh a chur ar fáil do na déimagrafaíocha seo uile agus tugtar faoi deara thuas gur minic a bheidh grúpa déimeagrafaíoch amháin ar lár ón soláthar. Pléitear seo níos faide anonn agus tátail an taighde á gcur i láthair.

Oiriúnacht na seirbhísí d'aoisghrúpaí ar leith

Díríodh sa SSTG ar theaghlaigh a raibh gasúir idir náid agus dhá bhliain déag iontu. É sin ráite, is léir gur thug na rannpháirtithe faoin gceistneoir bunaithe ar a dtaithí phearsanta agus taithí a gclainne, bíodh siad sna haoisghrúpaí sin nó ná bíodh. Mar sin déantar tagairt sna nótaí trách ta de na seirbhísí teaghlaigh a luadh sa liosta sa suirbhé féin nó seirbhísí a bhí dírithe ar an aoisghrúpa luaite, agus déantar tagairt freisin do sheirbhísí nó a n-easpa sin a bheadh dírithe ar aoisghrúpaí eile.

Tarraingíonn roinnt rannpháirtithe aird ar an easpa imeachtaí atá ar fáil do dhéagóirí nó gasúir os cionn dhá bhliain déag d'aois nó sin mí-oiriúnacht na seirbhísí sin luaite don aoisghrúpa lena mbaineann a gclann féin:

> *Tá gá le himeachtaí don aois ghrúpa 12-16 freisin.*
>
> *Ba bhreá liom níos mó siamsaíocht (le Gaeilge amháin) do ghasúir níos sine*
>
> *Tá mo ghasúr is óige 12+ agus ní fheileann na hócáidí thuas í*
>
> *An leanbh is óige agam anois, tá sé 11 bliana d'aois, ní tógann sé phairt a thuilleadh mar tá sé ro-mhór.*
>
> *Tá mo chuid páistí ró-shean anois.*
>
> *Áit teacht le chéile do pháistí suas go dtí 12 bliain d'aois*
>
> *Is deagóirí atá agam. Tá fhios agam go bhfuil [eagraíocht teaghlaigh] ag cur cuid de na seirbhísí seo ar fáil ach níl siad [sa cheantar seo] chomh fada is a tá fhios agam.*
>
> *Baineann an suirbhé seo le teaghlaigh ach, ar chúis éigean nach dtuigim, níl páistí níos sine ná 12 san áireamh. Tá mo pháistí 17 agus 14 agus tá gá acu le seirbhísí freisin a bhaineann le cúrsaí siamsaíochta agus comhluadar*
>
> *Creidim go bhfuil gá le réimse imeachtaí atá dírithe ar dhéagóirí*

Ar an lámh eile, tugann rannpháirtithe eile fios go bhfuil na himeachtaí luaite dírithe ar pháistí atá beagán níos sine agus nach bhfuil siad oiriúnach do ghasúir atá an-óg:

> *Ba bhreá liom dá mbeadh níos mó ann do pháistí óga*
>
> *Bíonn snámh ar fáil do ghasúir 5bl + sa samhraidh ach ní bhíonn le linn an ghreimhridh chomh fada is eol dom agus níl an tseirbhís seo ar fáil do leanaí óga chomh fada is eol dom, ar nós an grúpa waterbabies ar fáil trí Bhéarla. Bheadh sé go hálainn dá mbeadh a leithéid ar fáil.*
>
> *Tá ár leanaí ró-óg*
>
> *Ta grupa spraoi ann do leanai ach ta mo leanbh ro og. Bionn se eagraithe ah tuisti aitiuil.*

Is léir bunaithe ar fhreagraí na rannpháirtithe go bhfuil seirbhísí éagsúla ar fáil dírithe ar aoisghrúpaí faoi leith ach go mb'fhéidir nach bhfuil leanúnachas sa soláthar idir na haoisghrúpaí éagsúla agus nach eol do thuismitheoirí cá n-aimseoidh siad seirbhísí a thógfadh ar an dea-obair a rinneadh go dtí seo sna seirbhísí a bhain le haoisghrúpaí níos óige. Tagann sé seo freisin leis an méid a bhí le sonrú sna teistiméireachtaí agus feasacht i leith na seirbhísí teaghlaigh faoi chaibidil. B'fhiú féachaint ar chontanam an tsoláthair lena chinntiú ní hamháin go bhfuil na seirbhísí ar fáil ach go bhfuil leanúnachas sa soláthar idir na haoisghrúpaí éagsúla agus an t-eolas a roinntear leis an bpobal maidir leis an soláthar sin. Pléifear seo níos faide anon agus tátail an taighde á bplé.

Oiriúnacht na seirbhísí do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu

Níor mhiste a lua nach dtagann an téama áirithe seo aníos go láidir le linn an phróisis chódaithe. Mar sin féin, ó tharla an baol go rachadh eolas dírithe ar an déimeagrafach seo i ngan fhios de bharr an chur chuige códaithe, agus a laghad ionadaíochta a dhéantar ar an spriocghrúpa seo i rannpháirtithe an taighde, cinneadh an t-aiseolas seo a chur san áireamh sa tuairisciú. Léirítear sna nótaí go bhfuil easpa seirbhísí teaghlaigh dírithe ar theaghlaigh ina bhfuil gasúir a bhfuil riachtanais speisialta acu:

> *Níl aon imeachtaí sóisialta, campaign nó clubanna ar fáil do theaghlaigh ina bhfuil páistí le riachtanais speisialta*
>
> *Tá cuid mhaith d'imeachtaí teaghlaigh ar fáil ach arís níl páistí le riachtanais speisialta ionchumsithe sna himeachtaí seo*

De bharr líon íseal nótaí agus an t-ábhar seo á phlé, b'fhiú tabhairt faoi thaighde dírithe go sonrach ar an gceist seo lena chinntiú go bhfuil teaghlaigh agus gasúir a bhfuil riachtanais speisialta acu san áireamh sa tuairisciú, sa phleanáil agus sa seachadadh a dhéanfaí ar sheirbhísí teaghlaigh sa Ghaeltacht.

Léiríonn na nótaí trách tha thuas taithí phearsanta na rannpháirtithe ar na seirbhísí sin luaite. Níor mhiste a lua mar sin féin, mar a luadh ní ba thúisce, gur taithí dhearfach atá ag formhór mór na rannpháirtithe (91%) ar chúrsaí teanga na seirbhísí i nGaeilge luaite sa réimse seo.

Grúpa B: Imeachtaí litríochta agus seirbhísí teanga do theaghlaigh

Sa SSTG cuireadh ceist ar rannpháirtithe an raibh na seirbhísí seo a leanas ar fáil ina gceantar: seisiúin scéalaíochta; club leabhar; aonach leabhar nó díolacháin leabhar dara láimhe (leabhair do pháistí); Leabhair le feiceáil agus le ceannach sna siopaí áitiúla (leabhair do pháistí); ócáidí eolais do thuismitheoirí faoi cheisteanna a bhaineann le tógáil clainne le Gaeilge; leabhar nó bileoga nó aon eolas eile (ar líne mar shampla) faoi thógáil clainne le Gaeilge; cuairteoir baile (duine a thugann cuairt ar an teaghlach le heolas faoi thógáil clainne le Gaeilge a thabhairt agus/nó seisiúin spraoi a chur ar fáil bunaithe ar shaibhreas teanga); ciorcal comhrá nó ranganna Gaeilge don teaghlach/daoine fásta le Gaeilge a fhoghlaim nó a chleachtadh.

Thuairiscigh 27% de rannpháirtithe go raibh na seirbhísí seo ar fáil i nGaeilge, 3% go raibh na seirbhísí seo ar fáil i mBéarla, 10% go raibh na seirbhísí seo ar fáil go dátheangach agus dar le 60% nach raibh na seirbhísí seo ar fáil nó níorbh eol dóibh an raibh fáil orthu nó nach raibh i gceachtar teanga. Sa chás go raibh na seirbhísí ar fáil i nGaeilge, thuairiscigh 47% go mbaineann siad úsáid astu, 22% nach mbaineann, 13% gur bhain san am atá caite agus 18% go mbainfeadh amach anseo. Sa chás nach raibh na seirbhísí ar fáil i nGaeilge, thuairiscigh 73% go mbainfidís úsáid as tu dá mbeidís ar fáil agus 27% nach mbainfeadh.

Astu siúd a bhaineann úsáid as na seirbhísí i nGaeilge, fiosraíodh an raibh siad sásta le cúrsaí teanga na seirbhísí luaite: tá tromlach suntasach (91%) sásta nó an-sásta le cúrsaí teanga na seirbhísí faoi chaibidil.

Is fiú ag an tráth seo súil a chaitheamh ar an leibhéal úsáide sna seirbhísí a cuireadh faoi bhráid na rannpháirtithe. Léirítear san fhíor thíos na seirbhísí teaghlaigh atá ar fáil ag leibhéal náisiúnta agus an teanga ina seachadtar iad.



Fíor B1 Imeachtaí Litríochta agus Seirbhísí Teanga do Theaghlaigh

Léirítear san fhíor thíos an úsáid a bhaintear as na seirbhísí ina measc siúd a thuairiscigh go raibh na seirbhísí sin ar fáil i nGaeilge ina gceantar.



Fíor B2 Imeachtaí Litríochta agus Seirbhísí Teanga do Theaghlaigh

Maidir leis na nótaí trachta a tugadh faoin gceannteideal seo, bhí 155 nóta trachta i gceist. Astu seo bhí dhá nóta dhéag neamhbhailí don phróiseas códaithe.

Is iad na príomhthéamaí a d'eascair as an bpróiseas códaithe sa ghrúpa seo:

- eolas maidir leis an bhfáil atá ar sheirbhísí
- soláthar ar chlub leabhar
- an fhoghlaim agus an fhorbairt teanga

Eolas maidir leis an bhfáil atá ar sheirbhísí

Ach an oiread le Grúpa A a pléadh thuas, tugann roinnt rannpháirtithe le fios nach bhfuil eolas acu i leith na seirbhísí teaghlaigh sa ghrúpa seo, agus léirítear sampla de na teistiméireachtaí sin thíos.

> *Arís b'fhéidir go bhfuil siad sna bailte thart timpeall ach ní i mo bhaile*
>
> *Nil na rudai seo le fail in sa cheantar seo*
>
> *I am not to sure what is available online in regards to these questions. The only Irish leaflets/Information on children have been from my child's school*
>
> *These services could be in my community*
>
> *Níl a fhios agam an bhfuil na seirbhísí sin ar fáil*
>
> *Tà formhòr don eolas faoi do chlann a thògàil le Gaeilge ag teacht ò oiche eolas na Bunscoile. Tugtar leabharàn agus bileoig eolas*
>
> *B'fhéidir go bhfuil na seisiúin ann ach nach bhfuil a fhios againn é*

Luann rannpháirtí amháin gur chóir an t-eolas a dháileadh ní hamháin faoi na seirbhísí atá ar fáil ach faoi thábhacht agus buntáistí na seirbhísí céanna:

> *Sílim go gcaithfear eolas níos soilèire a bheith ar fáil don ghnàthphobal go gcaithfear a bheith an-ghnìomhach mar thuismitheoirí agus múinteoirì chun gur féidir leis na páistí an ghaeilge a shealbhú i gceart.. léitheoireacht, comhrá, spraoi trí ghaeilge etc. Nì tharlóidh an sealbhù go nádúrtha gan mòrán saothair níos mó..ní thuigeann go leor é seo go dtí go mbíonn sé rómhall*

Meabhraítear arís don léitheoir anseo gur léargas iad na nótaí trachta ar eolas na rannpháirtithe i leith na seirbhísí sin luaite sa cheistneoir amháin.

Soláthar ar chlub leabhar

Tá taithí leathan i measc na rannpháirtithe a d'fhág nóta trachta ar an ábhar seo, agus meascán tuairimí ina measc. Níor mhiste a lua arís anseo gur fiosraíodh seirbhísí ar leith, club leabhar san áireamh, leis na rannpháirtithe, mar sin, is a dtaithí ar na seirbhísí sin atá faoi chaibidil anseo, agus ní seirbhísí eile lasmuigh den liosta roghanna tugtha. Tugann roinnt rannpháirtithe le fios go bhfáilteoidís roimh chlub leabhar agus / nó go bhfuil moladh tuillte ag a leithéid atá ar fáil cheana féin sna ceantair éagsúla:

> *Bhíodh féile litríochta do pháistí á eagrú ag [eagraíocht Ghaeltachta nach bhfuil ar an bhfód a thuilleadh] gach dara bliain - [teideal na féile]. D'fhéadfaí é a eagrú arís!*
>
> *Tá club leabhar istigh [i siopa sa bhaile mór]. Nár bhreá club leabhar trí mhéan na gaeilge [sa leabharlann áitiúil]*
>
> *D'eagraigh Club Leabhar [áitiúil] seisiúin scéalaíochta do ghasúr i rith a bhféile bliantúla agus d'éirigh thar cionn leo, bheadh a leithéid d'imeacht rialta go deas. Tá a fhios agam go bhfuil a leithéid ar fáil [sa chathair]*

i mBéarla ach b'fhearr linn freastal ar imeachtaí Gaeilge. Ceapaim go mbeadh an-tóir ar an aonach leabhar anseo!

Tá club leabhar ag teastáil go géar [sa cheantar áitiúil]

Bheadh ana shuim agam i ngrúpaí nó club leabhar as Gaeilge do leanaí - ina bhféadfaí leabhara a phlé , a roinnt nó a mhalartú...

Dá mbeadh ócáidí le scéaltóirí ag léamh leabhra do leanaí in ionaid áitiúla bheadh sé go daibhail

Bheadh club leabhair nó scéalaíocht do pháistí sa leabharlann dochreidte deas

B'fhiú go mór seosiún scéalaíochta do pháistí ar líne a chur ar fáil le díriú isteach ar scileanna litearthachta an pháiste T2 nach bhfuil an t-uafás Gaeilge mórthimpeall air/uirthi i láthair na huaire. Go leor páistí sa chatagóir seo […] atá ag freastal ar scoil lán-Ghaeilge

Sìlim go mbeadh na rudaì seo thuas thar barr. Bìonn roinnt ócáidì leabhar ann ach thiocfaí fiontar níos mò a dhèanamh de...tà an léitheoireacht fíorthàbhachtach chun na bearnaí sa ghaeilge labhartha a líonadh..

Is léir óna teistiméireachtaí thuas gur iomaí buntáiste, dar leis na rannpháirtithe, a bheadh le club leabhair nó a mhacasamhail, ina measc an saibhreas teanga, an fhorbairt teanga don fhoghlaimeoir óg, cothú pobail, forbairt na litearthachta, agus club leabhar mar ócáid teacht le chéile.

Tarraingíonn rannpháirtithe aird freisin ar an easpa leabhar atá ar fáil, gó háirithe leabhair atá dírithe nó a dhéanann freastal ar an gcanúint áitiúil agus ar an gcainteoir óg:

Tá GÉARGHÁ le leabhra i gcanúint na ngasúir fhéin agus tá faillí ceart dhá dhéanamh ar ghasúir óga... chuile leabhar atá le fáil... tá siad scríofa sa gcaighdeán oifigiúil... baineann sé ó mhisneach agus ó mhuinín na ngasúir a mbíonn Gaeilge dhá labhairt leob sa mbaile agus á chloisteáil acu sa bpobal nach bhfuil an teanga sin le léamh acu

tagann leabhra abhaile ón scoil agus thú seasta ag rá... sin é an chaoi a litríonn tú é agus seo mar a deirtear é […] ach tá EASPA MÓR MILLTEANACH ann do ghasúir óga agus do thosaitheoirí... caithfear aghaidh a thabhairt ar an easnamh sin láitheach.

Bhí siopa leabhair áitiúil le leabhair as gaeilge ach tá sé dunta anois. Is trua nach bhfuil leabhair as gaeilge ag an siopa atá fós oscailte-siopa mór

Ba bhrea Linn da mbeadh tuilleadh leabhar Gaeilge sa siopa leabhar [áitiúil]

Níl sé easca thiacht ar leabhra Gaeilge taobh amuigh don scoil a fheileann gasúir atá nios sine.. bhfad ró easca acu leabhara Béarla a fháil. Nuair nach gcleachtann siad bheith léamh Gaeilge, nios deacaire dul ar ais aige.. bheadh aonach leabhar go rialto thar barr

Tá gá le i bhfad níos mó leabhair do pháistí

Léirítear freisin go mb'fhéidir go bhfuil sé deacair ag teaghlaigh nach bhfuil ag dtógáil a gclann le Gaeilge leas a bhaint as leabhair Ghaeilge ag baile:

> *We dont speak Irish at home except for homework times. Myself and my two kids are fluent, but only speak at school/creche/irish shops [...] If there were English books for sale locally I would certainly be there a lot*

> *sorry... but my kids associate Irish with school and school books, and wouldn't choose to read Irish books at home. though when they were toddlers, I did manage to sneak a few in. My mom read me all Irish books when I was very small, though we didn't speak it throughout the day*

Is cinnte go bhfuil an-chuid tuairimí ag na rannpháirtithe ar an gceist seo agus moltar sa chás seo torthaí na hanailíse a roinnt leis na páirtithe leasmhara a bhfuil ról acu sna cleachtais agus sna struchtúir luaite. Tuigtear freisin go mbeadh an-tairbhe le hionchur na saineolaithe sa phleanáil teanga, san oideachas agus sa litearthacht lena chinntiú go bhfuil fáil ar ábhar oiriúnach agus feasacht á cothú maidir le cleachtais a bhaineann leas as na hábhair sin ag staideanna éagsúla de chontanam na forbartha.

An fhoghlaim agus an fhorbairt teanga

Léirítear sna nótaí trách ta go bhfuil spéis ag rannpháirtithe áirithe, go háirithe iad siúd a bhfuil cumas íseal acu sa Ghaeilge, in imeachtaí a chabhródh leo cur lena gcumas sa teanga.

> *Arís tá an suim againn i aon rud chun ár gaeilge a feabhsú comh súil le gciorcal cainnte. Tá na beirt againn ag obair comh maith so caithfidh amanna maith a bheith ann.*

> *Ba bhreá liom ranganna nó ciorcal cainte a bheith ar fáil go rialta sa cheantar go mórmhór do thosaitheoirí. Tá aithne agam ar roinnt daoine gan Gaeilge atá ag cuartú seirbhís mar seo.*

> *Tá sé deacair freastal ar chiorcail comhrá le páistí óga sa bhaile. Bhí oícheanta ceoil ann ar zoom eagraithe ag [coiste áitiúil] agus bhain mé an-sult astu siúd.*

> *irish classes would be very beneficial mar níl mé líofa*

> *My son has recently started irish school. And I now need these classes*

> *I would love for my eight year old daughter to grow up immersed in the Irish language, traditions, and music. I am doing my best to help her however I myself have only intermediate level Gaeilge. Any additional help in this endeavour would be greatly appreciated.*

Dóibh siúd a bhfuil cumas fíoríseal acu sa teanga, dar leo go bhfuil sé tábhachtach díriú ar thosaitheoirí lena gcumas a fhorbairt:

I feel I do not have enough irish to attend classes

it'd be great to have more Gaeilge language classes for absolute beginners hoping to learn Irish from the start

It's very hard to be a beginning language speaker

My answers to the questions I wouldn't attend is because I only have very basic irish but my kids have great irish thank god

Luann roinnt rannpháirtithe go bhfuil sé deacair am a chur de leataobh freastal ar ranganna de bharr nach bhfuil seirbhís cúram leanaí ar fáil agus go bhfuil sé tábhachtach mar sin cur chuige solúbtha a ghlacadh maidir le leagan amach agus sceidealú na n-imeachtaí seo:

I have attended the Irish classes a couple of times in the past-really I would like more conversational practice. Pre Covid there were parents classes in the school but these were only available at 10am-as I work this was not suitable

Irish classes available but times never suit. Large agricultural area so unless can get babysitter can't commit to classes

The timing of the classes were at the kids bedtime and I have 3 children aged 6,5 and 4 so I gave them up after 3 years to help with bedtime but would love to go again

Díol suntais go luann líon suntasach rannpháirtithe go mbeadh suim acu i ranganna nó imeachtaí foghlama teanga a bheadh dírithe ar an teaghlach uile agus ní díreach ar thuismitheoirí / chaomhnóirí amháin:

Nil me liofa I ngaelige, ach bheadh suim agam in aon imeachtai no gniomhaiochtai ar fail do theaghlaigh a bheith in ann comhra a dheanamh sa bhaile no pairt a glacadh In imeachtai sa phobal

A weekly meeting place for families to speak Irish would be great. ESP during the summer months when the kids have 8 wks off school with no connection with the Irish language

Ta in iomarca ranganna gaeilge neamh fhoirimiúil, ranganna comhra srl. ar siúl ach tá gá greasán do theaghlaigh a fhorbairt chun iad a mhealladh an Ghaeilge a úsáid sa bhaile.

Classes for children and parents would be good, we are just expected to know Irish.And children should be given a choice if they want to do it or not. It's forced upon them. Which is not fair on the child

Bhí club d'fhoghlaimeoirí [ar an mbaile áitiúil] ach is ar dhaoine níos sine a bhí sé dírithe. Ba dheas ranganna dírithe ar thuismitheoirí i gcomhair leis na bunscoileanna.

Sa chás go bhfuil deacrachtaí maidir le cúram leanaí ag cur bac ar an rannpháirtíocht, is cinnte go mbeadh buntáiste ag baint le himeachtaí foghlama / forbartha teanga den chineál seo.

Dar leis na rannpháirtithe sin a bhfuil cumas ard a dhóthain acu sa Ghaeilge go bhfuil gá díriú ar an saibhriú teanga sna teaghlaigh sin atá ag tógáil a gclann le Gaeilge:

> *bíonn ranganna Gaeilge le fáil do thosaitheoirí ach ní bhíonn aon seisiúin SAIBHRITHE teanga ar fáil... seachas [grúpa áitiúil] agus tá mo chuid gasúri ag freastal ar an scoil an t-am a bhíonn siad sin ar siúl anois agus mé fhein ag obair ...rud a theastaíonns uainn uilig... tá misniú agus comhrá ag teastáilt go géar. muinín sa nGaeilge labhartha*
>
> *Ciorcal Comhrá nó Ranganna Gaeilge don teaghlach/daoine fásta (le Gaeilge a fhoghlaim nó a chleachtadh) -- Bhí sé seo ar fáil ach bhí sé ar siúl i gceantar nach raibh sa Ghaeltacht sa pharóiste. Cén fáth?*
>
> *Ceapaim nach bhfuil gá do chiorcal comhrá do theaglaigh ar cainteoirí dúchasacha iad. Seisiúin saibhrithe teanga atá ag teastáil uathu sin*

Léiríonn na nótaí tráchta thuas taithí phearsanta na rannpháirtithe ar na seirbhísí sin luaite. Níor mhiste a lua mar sin féin, mar a luadh ní ba thúisce gur taithí dhearfach atá ag formhór mór na rannpháirtithe (91%) ar chúrsaí teanga na seirbhísí i nGaeilge luaite sa réimse seo.

Tá fonn agus spéis na rannpháirtithe san fhoghlaim agus san fhorbairt teanga le moladh. Is léir arís ó na nótaí tráchta thuas, áfach, gur dúshlán an raon leathan déimeagrafach atá sa phobal Gaeltachta agus deiseanna foghlama agus forbartha teanga á ndearadh agus á seachadadh. Is gá anailís a dhéanamh ní hamháin ar riachtanais an phobail agus an t-ábhar seo faoi chaibidil ach cumas an phobail freastal orthu agus freisin an inniúlacht maidir lena soláthar.

Grúpa C: Ranganna agus Imeachtaí: Ceol, amhránaíocht agus drámaíocht

Sa SSTG cuireadh ceist ar rannpháirtithe an raibh na seirbhísí teaghlaigh seo a leanas ar fáil ina gceantar: ranganna sa cheol traidisiúnta; ranganna amhránaíochta ar an sean nós; ranganna amhránaíochta eile – clasaiceach, nua aimseartha, rac srl; ranganna sna healaín béil: scéalaíocht, agallamh beirte, lúibíní srl; ranganna sa cheol clasaiceach nó nua-aimseartha; ranganna drámaíochta; grúpa, buíon nó seisiún ceoil.

Thuairiscigh 31% de rannpháirtithe go raibh na seirbhísí seo ar fáil i nGaeilge, 7% go raibh na seirbhísí seo ar fáil i mBéarla, 6% go raibh na seirbhísí seo ar fáil go dátheangach agus dar le 56% nach raibh na seirbhísí seo ar fáil nó níorbh eol dóibh an raibh fáil orthu nó nach raibh i gceachtar teanga. Sa chás go raibh na seirbhísí ar fáil i nGaeilge, thuairiscigh 37% go mbaineann siad úsáid astu, 27% nach mbaineann, 10% gur bhain san am atá caite agus 26% go mbainfeadh amach anseo. Sa chás nach raibh na seirbhísí ar fáil i nGaeilge, thuairiscigh 64% go mbainfeadh siad úsáid astu dá mbeidís ar fáil agus 36% nach mbainfeadh.

Astu siúd a bhaineann úsáid as na seirbhísí i nGaeilge, fiosraíodh an raibh siad sásta le cúrsaí teanga na seirbhísí luaite: tá tromlach suntasach (83%) sásta nó an-sásta le cúrsaí teanga na seirbhísí faoi chaibidil.

Caitear súil anois ar an leibhéal úsáide sna seirbhísí a cuireadh faoi bhráid na rannpháirtithe. Léirítear san fhíor thíos na seirbhísí teaghlaigh atá ar fáil ag leibhéal náisiúnta agus an teanga ina seachadtar iad.



Fíor C1 Ranganna agus Imeachtaí: Ceol, amhránaíocht agus drámaíocht

Léirítear san fhíor thíos an úsáid a bhaintear as na seirbhísí ina measc siúd a thuairiscigh go raibh na seirbhísí sin ar fáil i nGaeilge ina gceantar.



Fíor C2 Ranganna agus Imeachtaí: Ceol, amhránaíocht agus drámaíocht

Maidir leis na nótaí trachta a tugadh faoin gceannteideal seo bhí 129 nóta trachta i gceist. Astu seo bhí seacht nóta trachta neamhbhailí don phróiseas códaithe.

Is iad na príomhthéamaí a d'eascair as an bpróiseas códaithe sa ghrúpa seo:

- oiriúnacht na seirbhísí d'aoisghrúpaí ar leith
- ról na scoile i soláthar na seirbhísí
- raon an tsoláthair

Oiriúnacht na seirbhísí d'aoisghrúpaí ar leith

Mar atá ráite, ba theaghlaigh a raibh gasúir idir náid agus dhá bhliain déag iontu a bhí mar ábhar ag an SSTG agus déantar tagairt sna nótaí trachta de na seirbhísí teaghlaigh a luadh sa liosta sa suirbhé féin. Mar sin díríonn na rannpháirtithe a n-aird ar a dtaithí leis na seirbhísí sin amháin agus ní gá go mbeadh na seirbhísí sin oiriúnach don aoisghrúpa a bhaineann lena gclann féin.

I gcás na seirbhísí i nGrúpa C, tá roinnt rannpháirtithe den tuairim nach bhfuil na seirbhísí luaite oiriúnach do ghasúir óga. Arís ní fhágann sin nach bhfuil gá le seirbhísí don aoisghrúpa seo, ach díreach gur thagair na rannpháirtithe, den chuid is mó, do na seirbhísí sin luaite sa liosta tugtha:

> *Tá mo phàistì òg go fòill mar sin seans go mbainfidh pàistì èagsùla leas as rudaì éagsúla ag amanta éagsúla..san am i láthair tà na ranganna sean-nóis thar barr don fhorbairt teanga.*
>
> *Tá na gasúir díreach ag aois feiliúnach le freastal ar ranganna, ba mhaith liom iad a chur ag amhránaíocht ar dtús agus ansin ranganna eile ach le Covid-19 níl siad ar fáil i gcomhthéacs feiliúnach do ghasúir óga faoi láthair. Nílim cinnte go bhfuil ranganna ar-líne sách ceart do aois-ghrúpa óg. Ach dá mbeadh sibh in ann ranganna/seisiún amhránaíochta a eagrú ar-líne do gasúir cá bhfios*
>
> *Níl mo mhac ach 8 mí faoi láthair, mar sin is amach anseo a bheidh sé ag freastal ar a leithéidí seo.*
>
> *Tá mo ghasúirsa 3 agus 1 mar sin ní bheudh siad in aois freastal ar ranganna den chineál seo fós ach ba bhreà liom iad a chur ag ranganna damhsa ar an sean-nós agus amhránaíocht ar an sean-nós nuair a bheas siad in ann acu*
>
> *Ní dóigh liom go bhfuil seirbhísí seo ar fáil i mo cheantar dos naíonáin*
>
> *Leanaí an-óg go fóill ach a luaithe a bheidh na seirbhisi seo ar fáil ach iad mór a dhóthain beid ann.*
>
> *Ó thaobh na seirbhísí thuas atá ar fáil níl aon cheann úsáidte agam mar Tá mo chuid gasúir Ró óg fós*
>
> *This is towards a younger age my kids may use these when they are older*
>
> *Dá mbeadh níos mó ag tarlú do ghasúir óga ach faraor níl faoi làthair*

Is léir ó na teistiméireachtaí thuas, agus mar atá le sonrú agus seirbhísí eile faoi chaibidil, go bhfuil rannpháirtithe ag súil go mbeidh deis ag a gclann leas a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil agus an caighdeán agus soláthar á moladh acu. B'fhiú mar sin féin breis taighde a dhéanamh ar an ábhar ar mhaithe le hiniúchadh a dhéanamh ar na seirbhísí atá ar lár faoi láthair a bheadh oiriúnach d'aoisghrúpaí áirithe.

Arís agus na seirbhísí teaghlaigh faoi chaibidil, léirítear go bhfuil leibhéal réasúnta íseal feasachta i measc rannpháirtithe maidir leis na seirbhísí teaghlaigh atá ar fáil i nGaeilge. É sin ráite, meabhraítear arís don léitheoir go gceistítear na rannpháirtithe maidir leis an

eolas atá acu faoi na seirbhísí sin luaite sa SSTG, agus ní a bhfeasacht i leith sheirbhísí ginearálta a thiocfadh faoi scáth an cheannteidil seo. Tugtar léargas thíos ar roinnt nótaí trachta ar an ábhar seo:

> *Tá roinnt ranganna ceoil uirlise ar fáil ach níl daoine ar an eolas futhu. Is go príobháideach atá go leor daoine ag eagrú ranganna dá leanaí [ó tháinig deireadh le soláthar eagraíochta ar leith]*
>
> *Again I am not sure on this area as it is not something that my children have expressed interest in just yet. Except the drama classes which there was a English speaking one [locally]*
>
> *I've heard that there is fiddle classes in the [local centre] but I've never seen information on them.*
>
> *I've never heard of any of the other classes in this area. Worth noting I don't have social media accounts either.*
>
> *My knowledge about these classes is I don't know. These could be there.*

Ról na scoile i soláthar na seirbhísí

Is léir ó theistiméireachtaí na rannpháirtithe go bhfuil ról láidir ag an scoil áitiúil i soláthar ranganna, agus buntáistí áirithe ag baint leis an múnla soláthair seo:

> *Bhíodh ranganna drámaíochta ar siúl [go háitiúil] … níl a fhios agam an mbíodh mórán ag freastal orthu. Bhíodh [eagraíocht nach bhfuil ar an bhfód a thuilleadh] ag teacht sna scoileanna chun ranganna uirlisí a thabhairt, ar chostas íseal. Bheadh sé go deas rud éigin mar seo a dhéanamh arís. Bíonn daoine ag tabhairt ranganna ina dtithe féin ach sílim gur dheas seirbhís mar seo a bheith ar ais sna scoileanna beaga.*
>
> *Go hiondúil is ar scoil atá na ranganna ar siúl le haghaidh gasúir*
>
> *Ach amháin an bunscoil ina bhfreastlaíonn mo pháistí Ní bheadh na deiseanna acu sa scéalaíocht ceol srl trí mheán ná gaeilge*
>
> *Bíonn [an scoil áitiúil] ar dóigh ag cuidiú le na paisti atá ag freastal ar an scoil ar thaobh na himeachtaí seo. Ach nil siadsan in ann achan rud a chur chun cinn ar a aonair...tá tacaíocht de dhith ag an ceantar*
>
> *Ta na ranganna ceoil and amhrannaiochta le fail ar scoil*
>
> *Tá'n bunscoil [aitiúil] go h-iontach do dhrámaíocht / ceol / canadh, ach níl aon rud ansan ar fáil sa mheánscoil [áitiúil] dóibh chun leanúint leis an obair sna healaíona.*
>
> *Tá an bhunscoil go hiontach ag eagrú ranganna amhránaíochta srl*
>
> *Tá roinnt ranganna Sean-nós ar fáil sa mbunscoil ach ba bhreá liom níos mó ranganna Ceoil, drámaíocht agus amhránaíocht a bheith ar fáil do mhuintir na háite. Ceapaim go bhfuil an-suim ag roinnt mhaith tuismitheoirí go mbeadh a leithéid ar fáil da gceantar.*

Raon an tsoláthair

I dtaca leis na healaín thraidisiúnta, tugann roinnt rannpháirtithe le fios go mba mhaith leo go ndéanfaí soláthar ar raon níos leithne ealaíne:

> *Ba mhaith liom dá mbeadh tacaíocht ann le h-aghaidh podchraoltóireacht agus go mbeadh ár staisiún raidio ar líne féin againn. Cúinne beag den idirlíon a bheadh nuacht agus ceol is siamsaiocht [ón gceantar áitiúil] ann.*
>
> *tuilleadh rudaí nua-aimseartha - banna ceoil rock!! Cosúil leis na Cloigne Folamh fadó!*
>
> *Tá ranganna ag [eagraíocht teaghlaigh] ar dhrumaí agus guitar - ba mhaith liom níos mó de seo a bheith ar fáil. Is maith é an sean nós ach ní fhanfaidh na gasúir leis an sean nós go deo - bíonn siad ag iarraidh rudaí nua aimseratha agus muna mbeidh siad ar fáil i nGaeilge gabhfaidh siad i dtreo an Bhéarla.*
>
> *Bheadh sé go deas rang atá suim at gasúir ann, hip hop, contemporary dance, ealain,*

Mar aon leis na healaín chomh-aimseartha, is léir ó theistiméireachtaí na rannpháirtithe go bhfuil an-tóir agus éileamh go fóill ar na healaín thraidisiúnta:

> *Sìlim go bhfuil na buíonta ceoil thar barr chun caidrimh agus spraoi a chothù trìd an cheol agus tríd an teanga.. cothaíonn siad mórtas pobail fosta ag na himeachtaí móra.*
>
> *D'fhreastail mo chuid gasúir ar ranganna amhránaíochta ar an sean-nós agus agus na ceardlanna a d'eagraigh [eagraíocht teaghlaigh] do na hagallaimh Bil.. scéalaíocht, aithriseoireacht agus lúibíní agus murach gur eagraigh [an eagraíocht sin] iAd ní bheadh an deis iontach sin ag mo pháistí páirt a ghlacadh i gcomórtais [i gcomhair fhéile chultúrtha], suim a chur sna healaíona béil agus cairde nua a dhéanamh as na Gaeltachtaí eile... fios acu go bhfuil daoine le Gaeilge 'eile'.. a gcluasa a bhiorrú agus éisteacht le cainteoirí breátha Gaeilge ó cheann ceann na tre... ardú meanmna agus misnigh iad agus tá GÉARGHÁ lena gcur chun cinn […] Thug an amhránaíocht agus foghlaim na -amhrán eolas dhóibh ar rudaí nach mbeadh spéis dá laghad iontu ar scoil ná ar churaclam na scoile faraor.. tá na seisiúin ina múintear na hamhráin ó lafchra móra amhránaíochta sean-nóis ríthábhachtach chun an traidisiún ársa seo a choinneáil beo*
>
> *B'fhiú go mór infheistíocht a dhéanamh sna healaíon tré Ghaeilge i gcoitinne [sa cheantar áitiúil]. Samhlaigh an fiúntas a bhainfí as rang nó campa drámaíochta/scéalaíocht tré Ghaeilge ó thaobh sealbhú teanga de*

Luaitear freisin go bhfuil gá díriú ar sholáthar leanúnach sna seirbhísí beag beann ar chomórtais:

> *Ceardlanna sna h-ealín béil & drámaíochta - tá siad iontach . Bheadh sé go maith iad a bheith ar siúl go rialta seachas díreach [i gcomhair fhéile chultúrtha]?*

> *Bíonn cleachtadh ar fáil ag [eagraíocht teaghlaigh] le linn aimsir [fhéile chultúrtha] ach níl a fhios agam an mbíonn fáil ar na ranganna seo i gcaitheamh na bliana - bheadh spéis agam iontu.*

I gcás rannpháirtithe eile, léirítear an t-easpa soláthair sa cheantar ainneoin éileamh dá leithéid:

> *An-éileamh ar Ranganna ceol ach go háirithe i nGaeilge*
>
> *Is mór an trua é nach bhfuil aon de na seirbhísí luaite le fáil sa cheantar*
>
> *Nothing available. It's a crying shame!!*

Mar a luadh agus ceannteidil eile faoi chaibidil, cé nach dtagann an líon samplaí leis an bpróiseas códaithe, is fiú tagairt a dhéanamh d'ionchur rannpháirtí nó beirt maidir leis an bhfreastal a dhéantar ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Dar leo go bhfuil 'gach ceann de na himeachtaí thuasluaite dírithe ar pháistí le cumas faoi leith' agus go bhfuil 'páistí le riachtanais speisialta fágtha ar lár arís'. Luaitear freisin nach bhfuil ranganna ceoil i nGaeilge ar fáil do ghasúir a bhfuil riachtanais speisialta acu cé go bhfuil géarghá leis an tseirbhís sin.

Moltar an soláthar reatha de sheirbhísí dírithe ar theaghlaigh a bhfuil riachtanais speisialta acu a fhiosrú go sonrach lena cinntiú go bhfuil eolas cothrom le dáta agus ábhartha ar fáil a thacódh le pleanáil agus soláthar sa réimse seo.

Léiríonn na nótaí trách ta thuas taithí phearsanta na rannpháirtithe ar na seirbhísí sin luaite. Níor mhiste a lua mar sin féin, mar a luadh ní ba thúisce, gur taithí dhearfach atá ag formhór mór na rannpháirtithe (83%) ar chúrsaí teanga na seirbhísí i nGaeilge luaite sa réimse seo.

Grúpa D: Ranganna agus Imeachtaí: Damhsa, sport agus ealaín

Sa SSTG cuireadh ceist ar rannpháirtithe an raibh na seirbhísí teaghlaigh seo a leanas ar fáil ina gceantar: Club Spóirt: cluichí foirne – peil, iomáint, sacar, rugbaí srl; club spóirt eile (leadóg, snámh, badmantan srl) nó club lúthchleasaíochta; club óige nó Gasóga/Brídíní srl; ranganna aclaíochta: Ióga, gleacaíocht, júdó, cearáité (karate) srl; ranganna ealaíne agus ceardaíochta; ranganna damhsa ar an Sean Nós; ranganna damhsa Gaelach; ranganna damhsa eile: bailé, hip hop srl.

Thuairiscigh 25% de rannpháirtithe go raibh na seirbhísí seo ar fáil i nGaeilge, 19% go raibh na seirbhísí seo ar fáil i mBéarla, 9% go raibh na seirbhísí seo ar fáil go dátheangach agus dar le 47% nach raibh na seirbhísí seo ar fáil nó níorbh eol dóibh an raibh fáil orthu nó nach raibh i gceachtar teanga. Sa chás go raibh na seirbhísí ar fáil i nGaeilge, thuairiscigh 49% go mbaineann siad úsáid astu, 20% nach mbaineann, 12% gur bhain san am atá caite agus 19% go mbainfeadh amach anseo 19%. Sa chás nach raibh na seirbhísí ar fáil i nGaeilge, thuairiscigh 73% go mbainfeadh siad úsáid astu dá mbeidís ar fáil agus 27% nach mbainfeadh.

Astu siúd a bhaineann úsáid as na seirbhísí i nGaeilge, fiosraíodh an raibh siad sásta le cúrsaí teanga na seirbhísí luaite: tá tromlach suntasach (93%) sásta nó an-sásta le cúrsaí teanga na seirbhísí faoi chaibidil.

Caitear súil anois ar an leibhéal úsáide sna seirbhísí a cuireadh faoi bhráid na rannpháirtithe. Léirítear san fhíor thíos na seirbhísí teaghlaigh atá ar fáil ag leibhéal náisiúnta agus an teanga ina seachadtar iad.



Fíor D1 Ranganna agus Imeachtaí: Damhsa, spórt agus ealaín

Léirítear san fhíor thíos an úsáid a bhaintear as na seirbhísí ina measc siúd a thuairiscigh go raibh na seirbhísí sin ar fáil i nGaeilge ina gceantar.



Fíor D2 Ranganna agus Imeachtaí: Damhsa, spórt agus ealaín

Maidir leis na nótaí tráchta a tugadh faoin gceannteideal seo bhí 101 nóta tráchta i gceist. Astu seo bhí ceithre nóta tráchta neamhbhailí don phróiseas códaithe.

Is iad na príomhthéamaí a d'eascair as an bpróiseas códaithe sa ghrúpa seo:

- cur chuige i leith úsáid teanga i soláthar na seirbhísí
- raon an tsoláthair

Cur chuige i leith úsáid teanga i soláthar na seirbhísí

Léiríonn teistiméireachtaí na rannpháirtithe raon leathan taithí agus tuairimí i leith an ábhair seo. Mar a bhí agus Grúpa A faoi chaibidil, tugann roinnt rannpháirtithe le fios go bhfuil polasaí teanga i bhfeidhm i bhfóraim faoi leith agus gur maith ann an struchtúr seo:

> *Tá an-obair ar bun ag [an gcumann áitiúil CLG] agus tá polasaí teanga an-láidir acu. Tá meitheal iontach tuismitheoirí agus traenálaithe acu a reáchtálann 'chuile imeacht beo trí mheán na Gaeilge. Arís is obair dheonach í seo ar fad.*

> *an t-ádh linn go bhfiul an cumann peile/iománaíocht an-dearfach i leith na Gaeilge agus gur Gaeilge a labhraíonn na traenálaithe leo i gcónaí - tá polasaí teanga i bhfeidhm … rud céanna amhlaidh leis an gclub [aclaíochta] áitiúil.... bheadh tionchar aige seo ar mo rogha na gasúir a scaoileadh ann*

> *An-sàsta leis an clg. Tà polasaí éigin teanga acu. Níl go leor dreamanna eile ar an eolas go bhfuil dualgas teanga sa ghaeltacht orthu*

> *An-Tábhachtach go mbeadh Polasaí láidir gaeilge ag na ranganna a bhíonn ar bun sa ngaeltacbt mar go niompionn daoine ar an mbéarla ró easca. Compóird bhreá le ranganna ó [eagraíocht teaghlaigh] mar go mbeidh siad i ngaeilge*

Dar le rannpháirtí eile go bhféadfaí go mbreathnófaí ar pholasaí teanga mar ualach breise oibre nach bhfuil luach a shaothair le feiceáil ná le fáil:

> *feictear gur UALACH è polasaí teanga … [nach bhfuil] aon rud breise á fháil ag aon dream as Gaeilge a chur chun cinn. Faigheann club CLG [Béarla] sa nGaeltacht, [agus club CLG] Gaeilge sa nGaeltacht an rud céanna. Na hacmhainnì céanna, as tuilleadh oibre, anntró crá croí & dua. WHY BOTHER?*

I gcásanna eile, léirítear an raon leathan freastail a dhéantar ar cheist na teanga agus spóirt áirithe faoi chaibidil:

> *they spoke Irish and English in the GAA and the arts and craft class was English*

> *Peil ar fáil i ngaeilge ach is i mbéarla atá an sacar & rugbaí*

> *An-sásta le cúrsaí teanga sa pheil ach mí shásta leis sa tsacar.*

Tugann rannpháirtithe le fios gur minic go mbíonn an cur chuige teanga ag brath ar an tacaíocht atá le fáil ón bpobal, tuismitheoirí / caomhnóirí sna áireamh, go minic ar bhonn deonach. Is minic freisin go mbíonn lucht eagraithe idir dhá chomhairle maidir leis an gcur chuige is fearr a rachadh i ngleic le ceist an tsoláthair agus ceist na teanga araon:

> *Cluichí CLG - club iontach againn ach níl aon bhéim ar labhairt na Gaeilge na ngasúr. Traenálaithe ann (sa mhionlach) gan Gaeilge - an méid dóibh ag fás. Deacair le rá céard le déanamh mar go bhfuil deacrachtaí aon duine a fháil lena himeachtaí a reachtáil dona gasúir.*

Ach díomách an sleamhnú i dtreo an Bhéarla a fheicéail ag tarlú, ach go háirithe teanga na ngasúir agus gan aon ghríosú ó daoine fásta

Braitheann an spórt foirne ar na daoine atá ag tabhairt a n-am go deonach - uaireanta is trí Ghaolainn agus uaireanta eile trí bhéarla ag braitheadh ar theanga an oiliúnaí

I'm involved with local football club, táimid ag déanadh bhur ndeicheall an Gaeilge a usaid, ach tá sé deacair nach mbíonn na coaches líofa. Níl Gaeilge ar bith ag cupla daoine

Go minic, bíonn clubanna ag brath ar thuismitheoirí / caomhnóirí a bhíonn sásta a gcuid ama a thabhairt go deonach ach nach bhfuil cumas láidir a dhóthain acu sa teanga a cheadódh dóibh na himeachtaí a reáchtáil i nGaeilge, gné a bhfuil tionchar aige ar iompar teanga sa chlub:

Bhí Gaeilge mhaith ag an dream a bhí i mbun [clubanna don óige] ach bhíodh tuismitheoirí ag plé leis, beirt gach ré oíche - cuid acu nach raibh aon Ghaeilge acu agus nár chuir aon bhrú ar aon duine Gaeilge a labhairt, bhíodh na gasúir ag labhairt Béarla! Maidir leis an bpeil, amanna bíonn tuismitheoir ag traenáil, arís nach labhraíonn Gaeilge agus mar sin iompaíonn na gasúir ar an mBéarla, agus gach duine - ní maith liom é sin. Mar sin féin, cuireann formhór na dtraenálaithe seirbhís iontach ar fáil trí Ghaeilge

Cuireann roinnt rannpháirtithe eile moltaí chun cinn bunaithe ar a dtaithí féin ar an ábhar seo:

Táim fhéin ag coacháil peil le [cumann áitiúil] (cailíní faoi 8), níl mórán i gceist leis ach […] anuraidh chaith mé cupla focal isteach agus i mbliana táim chun é a dheanamh 2 theangach. Tá greasáin & grupaí What's app ag gach leibheail peil. d''fheadfa ceardalann a reachtail leis an coaches chun an príomh tearmaí peile a mhuinadh?

ba chóir leabhrán le téarmaí don spóirt a chur le chéile do na teagascóirí spóirt le hiad a spreagadh agus muinín a thabhairt dhóibh an Ghaeilge a úsáid... mura ndéanfar sin... roghnófar teagascóirí nach bhfuil an teanga ar a dtoil acu agus má tharlaíonn sin... is cuma cén polasaí atá i bhfeidhm... aon teanga amháin a bheas i réim... é tarlaithe le haoisghrúpaí éagsúla sa gclub áitiúil agu scuireann sé as dhom cé go bhfuil formhór na gcóitseálaithe thar cionn ... bíonn siad an-leiscéalach gur i nGaeilge a chaithfeas siad labhairt agus cinntítear neart téarmaí Béarla gan gá... ionaid ar an bpáirc..rialacha... rudaí simplí a bhféadfaí a leighis gan stró ach 'joined up thinking' a bheith ann agus tacú leob uilig."

nuair a bhíonn cóitseálaí leis an Ghaeilge ar a t(h)oil aige/aici.. is furasta dhó oibriú ach polasaí a chur i bhfeidhm... cén tacaíocht atá ar fáil do dhaoine ar mian leo láimh chúnta a thabhairt ag traenáil ach nach bhfuil an teanga ar a dtoil acu.. cén chaoi is feidir cuidiú leis an duine sin ach cinntiú nach mbeidh athrú ná tionchar tromchúiseach aige ar iompar teanga na ngasúir agus an chlub..... seo ceist fíor phráinneach....caithfear an Ghaeilge agus iompar teanga a fheiceáil mar rud tábhachtach ... ní

mar chloch thimpeall ar mhuinéal dhaoine... mar a cheapanns cuid de na daoine nach dtuigeann an cruáchás teanga ina bhfuil muid faoi láthair agus a bheas mura ndéanfar rudaí go práinneach

Dar le rannpháirtithe eile go bhfuil ról láidir ag na seirbhísí seo i gcothú nósmhaireachtaí teanga i nGaeilge i measc dhaoine óga:

Bíonn Gaeilge ag na traenálaithe agus bíonn chuile shórt i nGaeilge ach go minic ní bhíonn aon bhéim ar na gasúir a choinneáil ar an nGaeilge ach sé seo an rud is tábhachtaí. Is minic a mbíonn scoth na Gaeilge ag na traenálaithe agus na gasúir ag caint Béarla thart orthu. Iompaionn daoine ar an mbearla ró easca go minic seachas cloi le gaeilge

cé nach mbainfinn úsáid astú go pearsanta sílim go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh na seirbhísí seo á gcur ar fáil trí GHaeilge le hiompar teanga na ngasúir taobh amuigh den seomra ranga a spreagadh.... is dualgas breise é seo ar na clubanna spóirt uilig sa nGaeltacht agus dá gcuirfí tacaíocht airgid agus acmhainní ar fáil dóibh... ba spreagadh iontach a bheadh ann... tá cúnamh agus tacaíocht ag teastáil.....áiseanna, acmhainní agus áisitheoirí

Raon an tsoláthair

I dtaca le spóirt choitianta mar imeachtaí CLG, sacar agus rugbaí, luann rannpháirtithe go mbeadh suim acu i soláthar níos leithne imeachtaí:

Scouts or brownies would be a great thing to have in the area.

really wish there was tennis/ athletics , scouts would be AMAZING!!!! damce classes- ballet, hip hop. Wow If the kids round here dont like hurling or football. thats it

Ba mhaith liom gymnastics/aclaíochta ar fáil i nGaeilge

Leadóg agus gasóga

Tá gasóga i [mbaile eile sa chondae] Rófhada uainn. Nár bhreá a leithead [go haitiúil]. Bheadh go leor suim ann. Níl aon leadóg, snámh nó sacar I nGaeilge . Tá orainn dul isteach [sa bhaile mór].

There are very few opportunities for children […] especially those who aren't interested in football. It's football and Irish dancing and that's it. I would love to see more activities like dance and music.

Cé go mbraitheann an rannpháirtíocht do roinnt tuismitheoirí / caomhnóirí ar theanga seachadta, i gcás thuismitheoirí / chaomhnóirí eile is tábhachtaí caighdeán an tsoláthair seachas an teanga seachadta, gné a thagann chun cinn agus seirbhísí eile faoi chaibidil mar a phléifear níos faide anonn.

Ach an oiread leis na réimsí eile seirbhísí pléite, léiríonn na nótaí trachta thuas taithí phearsanta na rannpháirtithe ar na seirbhísí sin luaite. Mar a luadh ní ba thúisce is taithí dhearfach atá ag formhór mór na rannpháirtithe (93%) ar chúrsaí teanga na seirbhísí i nGaeilge sa réimse seo.

Grúpa E: Áiseanna spraoi, leictreonacha agus ar-líne

Sa SSTG cuireadh ceist ar rannpháirtithe an raibh na seirbhísí teaghlaigh seo a leanas ar fáil ina gceantar: bréagáin leictreonacha Gaeilge (Vtec, Teidí le Gaeilge srl); cluichí boird agus a leithéid i nGaeilge; leabhair dathúcháin/spraoi/gníomhaíochta i nGaeilge; Seisiúin cluichí ríomhaireachta (m.sh., minecraft) ar líne i nGaeilge; ceardlanna ar líne le linn srianta Covid-19 (ar an gcóras zoom agus a leithéid); cainéal nó ábhar i nGaeilge ar YouTube; club ríomhaireachta (CoderDodjo, Teichspace srl).

Thuairiscigh 24% de rannpháirtithe go raibh na seirbhísí seo ar fáil i nGaeilge, 6% go raibh na seirbhísí seo ar fáil i mBéarla, 5% go raibh na seirbhísí seo ar fáil go dátheangach agus dar le 65% nach raibh na seirbhísí seo ar fáil nó níorbh eol dóibh an raibh fáil orthu nó nach raibh i gceachtar teanga. Sa chás go raibh na seirbhísí ar fáil i nGaeilge, thuairiscigh 62% go mbaineann siad úsáid astu, 17% nár bhain, 7% gur bhain san am atá caite agus 15% go mbainfeadh amach anseo. Sa chás nach raibh na seirbhísí ar fáil i nGaeilge, thuairiscigh 67% go mbainfeadh siad úsáid astu dá mbeidís ar fáil agus 33% nach mbainfeadh.

Astu siúd a bhaineann úsáid as na seirbhísí i nGaeilge, fiosraíodh an raibh siad sásta le cúrsaí teanga na seirbhísí luaite: tá tromlach suntasach (90%) sásta nó an-sásta le cúrsaí teanga na seirbhísí faoi chaibidil.

Caitear súil anois ar an leibhéal úsáide sna seirbhísí a cuireadh faoi bhráid na rannpháirtithe. Léirítear san fhíor thíos na seirbhísí teaghlaigh atá ar fáil ag leibhéal náisiúnta agus an teanga ina seachadtar iad.



Fíor E1: Grúpa E: Áiseanna Spraoi, leictreonacha agus ar-líne

Léirítear san fhíor thíos an úsáid a bhaintear as na seirbhísí ina measc siúd a thuairiscigh go raibh na seirbhísí sin ar fáil i nGaeilge ina gceantar.



Fíor E2: Grúpa E: Áiseanna Spraoi, leictreonacha agus ar-líne

Maidir leis na nótaí trachta a tugadh faoin gceannteideal seo bhí 92 nóta trachta i gceist. Astu seo bhí aon nóta trachta dhéag neamhbhailí don phróiseas códaithe.

Is iad na príomhthéamaí a d'eascair as an bpróiseas códaithe sa ghrúpa seo:

- soláthar na seirbhísí
- ceist na teanga sa soláthar sin

Soláthar na seirbhísí

Is léir ó theistiméireachtaí na rannpháirtithe go bhfuil an-suim ag teaghlaigh sna seirbhísí sa rannóg seo agus a gcur chun cinn. Is léir óna dteistiméireachtaí go bhfuil easnaimh sa soláthar reatha agus de bharr suim na ngasúr sna himeachtaí éagsúla go mba mhaith leo go gcuirfí leis an soláthar sin. Níor mhiste a lua go dtugtar faoi deara sna nótaí trachta nach léir an é nach bhfuil an tseirbhís ar fáil nó an é go bhfuil gá áisitheoireacht a dhéanamh i nGaeilge ar uirlisí nó fóraim atá ar fáil cheana féin i mBéarla, mar shampla youtube, minecraft srl.

Léirítear thíos tuairimí ginearálta na rannpháirtithe maidir leis an tsuim atá acu i soláthar na seirbhísí seo:

> *[níl] mórán tada ar fáil i dtaobh códáil i nGaeilge nó aon ábhair STEM*
>
> *Ba bhreá liom cuid dóibh seo a fheiceáil - níos mó imeachtaí 'nua-aimseartha' nach bhfuil aon bhaint 'traidisiúnta' le Gaeilge leo.*
>
> *tá sé ráite agam go minic anseo - bheadh sé iontach dá mbeadh rudaí leictreonracha nó cluichí ríomhaireachta i nGaeilge.*
>
> *Tá ábhar an mhaith Ar YouTube ach Níl sé I gconaí éasca é a aimsiú - agus tá roinnt mhaith raiméis Ann chomh maith.*
>
> *Bheadh CoderDojo as gaeilge go hiontach ar fad!*

I would offer things like Minecraft or YouTube options in Irish if available, but there is so much choice that kids would not choose to stay there.

Ba bhreá linn go mór Minecraft agus Youtube as Gaoluinn

Ba bhreá le mo mhac minecraft a dhéanamh ar líne agus bheadh sé lánsásta leis i nGaeilge

Bheadh sé iontach dá mbeadh rud éigin mar Techspace ar fáil do dhéagóirí. Déanann na gasúir bheaga gníomhaíochtaí beaga i nGaeilge ar SeeSaw, is breá leo iad, seans go mbeadh rud éigin mar sin go deas.

Tá ábhar i nGaeilge ar YouTube ach tá sé very difficult to find - some of it is not great quality and them some of it is fantastic - but there really isn't enough - in particular as the dialects are so different if it could be made clear which dialect is being used

an suim agam fáil amach faoi aips/cluiche agus fiseain ar You Tube eg Shimmer & Shine &rl

Maidir le bréagáin leictreonacha agus cluichí boird, léirítear thíos a dtuairimí ina leith siúd:

Níor tháinig mé ar bhréagáin leictreonacha Ghaeilge ariamh, bheadh spéis agam ina leithéid. Maidir le leabhra gníomhaíochta, bheadh irisí do ghasúir réamhscoile go deas - ar nós na n-irisí a chuireann an BBC ar fáil bunaithe ar a gcláracha féin, ina mbíonn meascán de scéalta, ealaín, obair litearthachta/uimhearthachta an-simplí. Tá cuid den ábhar atá ar fáil i nGaeilge ar an idirlíon go maith freisin agus bhain muid an-leas astu le bliain anuas.

Tá roinnt cluichí bhoird ar fáil ach níl a ndóthain ann. Go mórmhór cinn le haghaidh gasúir óga (ar nós Operation, Buckaroo seo).

sén t-aon locht a bheadh orthu ná an easpa acu atá ar fáil... tuilleadh áiseanna i gcanúint na ngasúir agus dhúinn fhéin

Easpa áiseann leictreonacha ar fáil as gaeilge,leithéidí VTec le bunfhocloir na gaeilge dathanna, uimhreacha, ainmhithe srl

Ní dream muid le haghaidh bréagáin plaisteach vtec ná an teidí sin. Táibléad le aip cúla 4 do ghasúr óg níos fearr ná iad. Aip séideán sí ansin de réir mar atá siad ag foghlaim le léamh

Tá easpa bréagáin leictreonacha ar fáil i nGaeilge, ach go háirithe don aois réamhscoile

Ceist na teanga sa soláthar áiseanna spraoi, leictreonacha agus ar-líne

Tarraingíonn roinnt rannpháirtithe aird ar an ngá atá le seirbhísí den chineál seo a bheith ar fáil i nGaeilge agus an dúshlán a bhaineann leis seo nuair is iondúil dar leo go mbíonn caighdeán níos airde ar an soláthar Béarla:

Níl mórán ann agus níl an súim muna a bhfuil ardchaighdeán air.

Níl go left aiseanna ann as gaeilge. Na leabhar agus cluichí Mata ann tá an gaeilge ró chásta.

Tá na háiseanna seo ar fáil ach tá rogha i bhfad Éireann níos leithne sa Bhéarla agus téann mo leanaí ina dtreo san.

Dar le rannpháirtí amháin ó tharla nach bhfuil an tseirbhís ar fáil ar chor ar bith faoi láthair, gur fearr an tseirbhís a sheachadadh i mBéarla ionas go bhféadfaí freastal ar an bpobal uile:

something like CoderDojo would be so great, as would online gaming. again- not in Irish alone. its too complicated. everyone has English, only some have Irish, and for those who dont understand its so limiting and puts kids off it would be such a shame to introduce these facilities around here, that the kids would LOVE, only in Irish

Níor mhiste a lua arís agus na teistiméireachtaí seo á scagadh nach gcuirtear i láthair ach tuairimí na rannpháirtithe ar na samplaí seirbhísí a cuireadh faoina mbráid agus nach léir cé na tuairimí atá ina measc maidir le seirbhísí eile lasmuigh díobh seo.

Léiríonn na nótaí trách tha thuas taithí phearsanta na rannpháirtithe ar na seirbhísí sin luaite. Mar a luadh ní ba thúisce is taithí dhearfach atá ag formhór mór na rannpháirtithe (90%) ar chúrsaí teanga na seirbhísí i nGaeilge réimse seo.

Grúpa F: Seirbhísí Stáit: sláinte

Sa SSTG cuireadh ceist ar rannpháirtithe an raibh na seirbhísí teaghlaigh seo a leanas ar fáil ina gceantar: Dochtúir teaghlaigh; Banaltra poiblí; Seirbhísí eile sláinte (Teiripeoir urlabhra agus teanga, Dochtúir na Súl; Dochtúir na bPáistí, Fiaclóir srl); Seirbhísí chun vacsaín a thabhairt do pháistí; Eolas, comharthaí agus bileoga faoi chúrsaí sláinte i nGaeilge.

Thuairiscigh 21% de rannpháirtithe go raibh na seirbhísí seo ar fáil i nGaeilge, 35% go raibh na seirbhísí seo ar fáil i mBéarla, 17% go raibh na seirbhísí seo ar fáil go dátheangach agus dar le 26% nach raibh na seirbhísí seo ar fáil nó níorbh eol dóibh an raibh fáil orthu nó nach raibh i gceachtar teanga. Sa chás go raibh na seirbhísí ar fáil i nGaeilge, thuairiscigh 80% go mbaineann siad úsáid astu, 5% nach mbaineann, 7% gur bhain san am atá caite agus 7% go mbainfeadh amach anseo. Sa chás nach raibh na seirbhísí ar fáil i nGaeilge, thuairiscigh 71% go mbainfidís úsáid astu dá mbeidís ar fáil agus 29% nach mbainfeadh.

Astu siúd a bhaineann úsáid as na seirbhísí Gaeilge, fiosraíodh an raibh siad sásta le cúrsaí teanga na seirbhísí luaite: tá tromlach suntasach (94%) sásta nó an-sásta le cúrsaí teanga na seirbhísí faoi chaibidil.

Caitear súil anois ar an leibhéal úsáide sna seirbhísí a cuireadh faoi bhráid na rannpháirtithe. Léirítear san fhíor thíos na seirbhísí teaghlaigh atá ar fáil ag leibhéal náisiúnta agus an teanga ina seachadtar iad.



Fíor F1: Grúpa F: Seirbhísí Stáit: Sláinte

Léirítear san fhíor thíos an úsáid a bhaintear as na seirbhísí ina measc siúd a thuairiscigh go raibh na seirbhísí sin ar fáil i nGaeilge ina gceantar.



Fíor F2: Seirbhísí Stáit: Sláinte

Maidir leis na nótaí trachta a tugadh faoin gceannteideal seo bhí 73 nóta trachta i gceist. Astu seo bhí sé nóta trachta neamhbhailí don phróiseas códaithe.

Ba phríomhthéama amháin a d'eascair as an bpróiseas códaithe sa ghrúpa seo:

- úsáid na teanga i soláthar seirbhísí sláinte.

Úsáid na teanga i soláthar seirbhísí sláinte

Is cinnte gur ceist íogair í seo agus a rian sin le sonrú ar theistiméireachtaí na rannpháirtithe ar an ábhar. Is léir ó nóta rannpháirtí amháin an frustrachas a bhaineann leis an gceist seo i measc tuismitheoirí:

> *is jóc é seo... tá an oiread cleachtadh ar easpa seirbhíse go nglactar leis más go drogallach fhéin é […] mór an náire go bhfuil dochtúirí agus lucht leighis nach bhfuil ar a gcumas nó aon fhonn orthub labhairt leat i nGaeilge agus aithríonn siad drogallach ag labhairt leat..go háirithe le páistí beaga […] náire shaolta agus tá muintir na Gaeltachta ligthe síos GO hIOMLÁN ag an stát ina thaobh seo*

Ceann de na dúshláin is mó a luann teaghlaigh agus na seirbhísí seo faoi chaibidil is ea easpa cumais sa Ghaeilge iad siúd atá ag soláthar na seirbhísí

> *Níl aon Gaeilge ag an Banaltra a bhíonn a tabhairt na vacsaín atá tá sé náireach. AN rud ceanna le seirbhísí sláinte eile... níl tada le fáil i nGaeilge*
>
> *Is fíor bheagáin Gaeilge atá ag na dochtúir [áitiúil] seachas duine amháin doibh. Téim chuig dochtúir taobh amuigh de mo cheantar mar go bhfuil Gaeilge aici. Níl fhios agam an bhfuil Gaeilge ag an bhanaltra poiblí sa cheantar*
>
> *Leibheal teanga & cumas teanga sna seirbhisi sláinte poiblí do pháistí (vaccainiú, 'developmentals' do leanaí sell NÁIREACH*
>
> *Bíonn banaltraì le béarla sa scoil*

Luann rannpháirtithe eile an tabhacht atá leis an tseirbhís a bheith ar fáil sa teanga ina bhfuil an gasúr compordach inti, beag beann ar chumas sa dara teanga:

> *B'fhearr liom i bhfad go mbeadh chuile sheirbhís sláinte ar fáil i nGaeilge, go háirithe nuair atá na gasúir an-óg agus gan mórán/aon Bhéarla acu.*
>
> *Ach fiú nuair atá an Béarla ar a dtoil ag na gasúir, níl ciall leis an tseirbhís sláinte a bheith ar fáil sa dara teanga acu amháin (is fíor sin do dhaoine fásta freisin ar ndóigh!)*

Sa chás go bhfuil an tseirbhís sláinte ar fáil i nGaeilge cuireann rannpháirtithe fáilte roimh an tseirbhís sin:

> *Tá an banalta pobail iontach - ba mhór an faoiseamh dul isteach aici le do ghasúir. Bheadh fhios agat go mbeadh Gaeilge aici agus í in ann an gasúir a thuiscint.*

Léiríonn rannpháirtithe eile an tábhacht dar leo atá le soláthar na seirbhísí seo i nGaeilge do ghasúir a bhfuil riachtanais ar leith acu:

> *Níl teiripeoirí ná siceolaithe le Gaeilge ar fáil do pháistí ar a bhfuil uathachas orthu mar sin tá an bhrú ar an bpáiste é/í féin a chur in iúl sa dara teanga agus níl an tuiscint ag na teiripeoirí le Béarla an deacracht teangan nó deacracht cumarsáide atá ag an bpáiste. Cuireann sé seo moill ar an bhfáithmheas, nó d'fhéadfadh fáithmheas lochtach a bheith déanta dá bharr.*

Sa chás gurb í an Ghaeilge an chéad agus an t-aon teanga atá ag an ngasúr go fóill, is údar imní do rannpháirtí amháin leibhéal tuisceana an dochtúra / an chleachtóra leighis ar shláinte an pháiste de bharr a n-easpa cumais féin sa teanga agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an easpa tuisceana sin ar dhul chun cinn an pháiste nó sin ar thoradh na tástála:

Is mór an trua nach bhfuil na seirbhísí seo ar fáil i nGaeilge. Nuair a bhíodh na gasúir óg bhíodh ormsa bheith i mo aistritheoir mar nach mbíodh Gaeilge ag na dochtúirí a dhéánfadh na tástálacha forbartha (developmental test). Cé chaoi ar féidir le dochtúir tástáil mar sin a dhéanamh ar ghasúir nuair nach bhfuil Gaeilge acu féin? Chuirfeadh sé as go mór dom

Bheadh gasúir níos compordaí dá mbeadh Gaeilge ar a dtoil sa dá chás seo, go háirithe nuair is í an Ghaeilge an téann teanga a labhraíonn siad

Ní bhíonn an dochtúir ar a chompóirt céana agus a bhíonn sé i mBearla

My Irish wouldn't be good enough to discuss important matters such as medical issues.

Déanann na banaltraí poiblí iarracht ach níl an líofacht acu a gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Bhí sé iontach nuair a bhí mé ag freastail [ar ionad áitiúil sa Ghaeltacht]. Tuiscint iontach agus meas ag […] go mór mhór ar an tumoideachais.

Glactar leis go bhfuil tábhacht ar leith le compord gach páirtí sa chaidreamh seo.

Tarraingíonn roinnt rannpháirtithe eile aird ar sheachadadh na seirbhíse agus na nithe go bhféadfaí a dhéanamh ar mhaithe leis an soláthar a fheabhsú:

bheadh sé deas go bhfiafrófaí dúinn cén teanga cumarsáide a bhí uainn ag an tús agus go dtabharfaí duine dúinn le Gaeilge seachas go gcaithfí raic a dhéanamh chun an tseirbhís Gaeilge a fháil i gcónaí. Ní dhéanfaidh formhór an raic agus is béarla a chífidh an leanbh a labhartar leis na húdaráis.

Maidir le dochtúirí teaghlaigh nó dochtúir de chineál ar bith - is cuma linn más Gaeilge nó Béarla atá acu. Ach mura bhfuil Gaeilge ag dochtúir bíonn sé go deas aitheantas a fháil gur Gaeilge a labhraíonn muid fhéin leis na gasúir - bíonn an ""slán"" agus ""an bhfuil tú go maith?"" srl go deas le cloisteáil

Dar le rannpháirtí eile gur seirbhís riachtanach an tsláinte agus mar sin nach ann i ndáiríre don rogha teanga:

Dochtúir againn a bhfuil droch-Bhéarla aige ach tá fonn air Gaeilge a fhoghlaim, cloisim!! Níl aon neart aige air, ní as an gceantar ó dhúchas é agus teastaíonn dochtúir teaghlaigh uainn!! Ní féidir a bheith ag gearán faoin teanga nuair atá dochtúirí gann

Maidir leis an dochtúir teaghlaigh/banalta, téim chuig dochtúir nach bhfuil aon Ghaeilge aici. [Tá] cúpla dochtúir san ionad sláinte eile a bhfuil an Ghaeilge acu. De réir mo thuisceana is fir iad na dochtúirí sin uilig, agus bhí mise ag iarraidh freastal ar dhochtúir mná […] Bheadh sé doiligh athrú go dtí dochtúir eile anois nuair atá mé ag dul chuig mo dhochtúir féin anois le beagnach 10 mbliana

Tarraingíonn rannpháirtithe aird ar cheist cearta agus na seirbhísí seo á soláthar i gceantair Ghaeltachta:

gá le tuilleadh forbartha agus tacaíocht ó thaobh tábhacht na Gaeilge mar sheirbhís riachtanach daonna gan cheist... faigheann daoine tuirseach de bheith ag éileamh....

Tagann na dochtúirí agus banaltraí isteach chuig na scoileanna le vaicsín a thabhairt do na gasúir agus ní bhíonn focal Gaeilge acu. Níl aon locht agam orthu féin ar ndóigh ach cén fáth - sa lá atá inniu ann - nach bhfuil daoine le Gaeilge ag obair sa HSE? Tá siad ag déánamh beag is fiú den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta

Bun riachtanas go mbeadh na Seirbhisi seo ar fáil i ngaeilge sa ngaeltacht. Glacann go leor den phobal leis mar gur bin mar a bhí riamh agus ní maith leo ag casaoid ar fhaitios nach mbeadh seirbhis ar bith ar fáil. Baineann sé Seo an mhisneach ó dhaoine a gcuid bun riachtanas a eilimh i ngaeilge faraor

is cóir go mbeadh siad ar fáil i nGaeilge gan cheist... níos tromchúisí fós.. breathnaítear go bhfuil dhá chloigeann ort má dheireann tú nach bhfuil ag do ghasúr ach Gaeilge má bhíonn aon deacrachtaí urlabhra acu agus moltar dhuit iompú ar an mBéarla... go mbeidh sé níos éasca dóibh ... mícheart go hiomlán

Dearcadh diúltach go maith... deirtear an cúpla focal éiginteach ach ní bhraitheann tú ar do chompóirt ná go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge faraor

Is léir ón scagadh a dhéantar thuas ar na nótaí tráchta gur ceist í seo a bhfuil teaghlaigh Ghaeltachta ag plé léi le fada an lá agus gur ceist í a chothaíonn an-imní agus frustrachas.

Is léir ón aiseolas dearfach a tháinig chun cinn sna nótaí tráchta, go bhfuil na rannpháirtithe, a bheag nó a mhór, sásta le caighdeán an tsoláthair san iomlán agus le caighdeán seirbhíse na gcleachtóirí leighis. Dar leo gurb í an deacracht is mó nach bhfuil fáil fhorleathan ar an soláthar i nGaeilge. Ardaítear an cheist, an le cleachtóirí leighis an fhadhb a réiteach nó an bhfuil freagracht ar pháirtithe eile lena chinntiú go bhfuil soláthar sláinte ina dteanga féin ag gasúir agus ag teaghlaigh na Gaeltachta. Pléitear seo níos faide anonn agus tátail na tuarascála á gcur i láthair.

Grúpa G: Seirbhísí oideachais agus cúram leanaí

Sa SSTG cuireadh ceist ar rannpháirtithe an raibh na seirbhísí teaghlaigh seo a leanas ar fáil ina gceantar: naíonra/réamhscoil; bunscoil; seirbhísí do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta foghlamtha nó eile acu (seirbhísí oideachais san áireamh); cúntóir teanga sa scoil; imeachtaí a chuirtear ar fáil sa scoil le linn am scoile m.sh., ranganna spóirt, meabhairshláinte, ealaíne, turais scoile srl; naíolann; feighlí linbh; club/seirbhís iarscoile nó club bricfeasta.

Thuairiscigh 64% de rannpháirtithe go raibh na seirbhísí seo ar fáil i nGaeilge, 5% go raibh na seirbhísí seo ar fáil i mBéarla, 8% go raibh na seirbhísí seo ar fáil go dátheangach agus dar le 23% nach raibh na seirbhísí seo ar fáil nó níorbh eol dóibh an raibh fáil orthu nó nach

raibh i gceachtar teanga. Sa chás go raibh na seirbhísí ar fáil i nGaeilge, thuairiscigh 48% go mbaineann siad úsáid astu, 17% nár bhain, 13% gur bhain san am atá caite agus 22% go mbainfeadh amach anseo. Sa chás nach raibh na seirbhísí ar fáil i nGaeilge, thuairiscigh 66% go mbainfidís úsáid astu dá mbeidís ar fáil agus 34% nach mbainfeadh.

Astu siúd a bhaineann úsáid as na seirbhísí i nGaeilge, fiosraíodh an raibh siad sásta le cúrsaí teanga na seirbhísí luaite: tá tromlach suntasach (96%) sásta nó an-sásta le cúrsaí teanga na seirbhísí faoi chaibidil.

Caitear súil anois ar an leibhéal úsáide sna seirbhísí a cuireadh faoi bhráid na rannpháirtithe. Léirítear san fhíor thíos na seirbhísí teaghlaigh atá ar fáil ag leibhéal náisiúnta agus an teanga ina seachadtar iad.



Fíor G1: Grúpa G: Seirbhísí Oideachais agus cúram leanaí

Léirítear san fhíor thíos an úsáid a bhaintear as na seirbhísí ina measc siúd a thuairiscigh go raibh na seirbhísí sin ar fáil i nGaeilge ina gceantar.



Fíor G2: Grúpa G: Seirbhísí Oideachais agus cúram leanaí

Maidir leis na nótaí trachta a tugadh faoin gceannteideal seo bhí 95 nóta trachta i gceist. Astu seo bhí ocht nóta trachta neamhbhailí don phróiseas códaithe.

Ba phríomhthéama amháin a d'eascair as an bpróiseas códaithe sa ghrúpa seo:

- seirbhísí luathbhlianta

Seirbhísí luathbhlianta

Is léir ón scagadh a rinneadh ar theistiméireachtaí na rannpháirtithe gur údar mór imní dóibh na seirbhísí luathbhlianta, an soláthar reatha agus ceist na teanga sa soláthar sin. I gcás roinnt rannpháirtithe is easpa soláthair seirbhís Ghaeilge atá ag déanamh imní dóibh, agus ceangailte go dlúth leis sin tá ceist an chúraim leanaí:

> *Ba bhreá liom da mbeadh naíonra sa cheantar. Faoi láthair tá mo chailín beag ag freastal ar Montessori sa cheantar mar níl aon naíonra.. is mór an trua é.*
>
> *I didn't grow up in the Ghaeltacht so my Irish would not be as good as other parents.I wasn't able to prepare my 5 year old for what it would be like attending a Bunscoil.If there was services available for children from an earlier age I believe it would benefit both parent & child.*
>
> *A Naíonra [locally] would make a huge diffferance. Childcare in the area is also an issue, some providers are looking €12.50 P/H for 1 child! If there was a after school club or Childminder who were able to offer services as gaeilge I would be very interested."*
>
> *Buartha nach bhfuil naíonra ar fail i ngaeilge... tuigim na buntaisti atá i gceist leis an tumoideasais ón aois óg... an tadh go bhfuil scoil […] anseo chun an gaeilge a spreagadh ach ba mhaith liom an rogha leis an naionra do m'inion...*
>
> *Tá Naíolann ar fáil gar do mo theach ach faraor is trí Bhéarla amháin a thuigtear dom go reachtáiltear í. Tá ceann eile nach bhfuil ró-fhada ó mo theach atá ar fáil trí Ghaeilge agus ní dhéanann siad seirbhís iarscoile do scoil i mbaile eile. Ba bhreá liom dá mbeadh cuid den Naíolann áitiúil ar fáil trí Ghaeilge go bhféadfaí ceangal isteach leis an Naíonra agus bunscoil áitiúil - áit a bhfuil an Ghaeilge sách láidir*

Dar le roinnt rannpháirtithe nach leor an leibhéal oiliúna a chuirtear ar fáil do sholáthróirí sna seirbhísí luathbhlianta agus go bhfuil géarghá seo a fhorbairt, go háirithe de réir mar a bhaineann sé forbairt agus le hiompar teanga:

> *Teastaíonn níos mó tacaíochta ón foireann oibre sa naíonra/ naíolann. Ní leor na cúrsaí treanála atá ar fáil dóibh . Is iad seo a leagann bunchloch teanga d'fhoghlaimeoirí agus faoi láthair níl Gaeilge ar a dtoil ag cuid don fhoireann.*
>
> *Ta gá le breis traenáil a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhise luath bhlianta, go hairithe stúirtheoirí naionraí, cuntóirí ranga agus muinteoirí naíonáin, i dtaca le teagasc agus úsáid na Gaeilge*

Níos mó tacaíochta (maoiniú agus oiliúint) ag teastáil ó na seirbhísí seo, oiliúint le déileáil le cainteoirí dúchais agus páistí beaga áille eile nach bhfuil focal Gaeilge ag na créatúir ag an am céanna. Tuigim go bhfuil sé an-deacair ar na hoibrithe agus go bhfuil siad ar phá an-íseal. Ardú pá agus oiliúint de dhíth!

Gá le cúrsaí feasachta teanga agus saibhrithe teanga i naíolanna is naíonraì agus do chúntóirì teanga

Sílim go bhféadfaí níos mó a dhéanamh i dtaca le forbairt scileanna/ saibhreas/cleachtas teanga ag aois réamhscoile

Tarraingítear aird arís sa ghrúpa seo ar an easpa freastail a dhéantar ar theaghlaigh agus ar ghasúir a bhfuil riachtanais speisialta acu:

Leasmuith de na seirbhisí do páistí le ríochtanais speisealta, tá na seirbhís eile ar árd caighdean agus le moladh go hárd

Níl aon seirbhísí ann do pháistí le riachtanaisí speisialta

Tá easpa suntasach seirbhísí do pháistí le míchumas ar aon chuma gan trácht ar seirbhís tré mheáin na Gaeilge

seachas an teiripeoir urlabhra agus teanga níl na tacaíochta scoile éagsúla ar fáil as gaeilge, siceolaí, OT, physio srl.

Tugann líon íseal rannpháirtithe léargas ar a míshástacht maidir le ceist na teanga agus seirbhísí oideachais agus cúram leanaí faoi chaibidil, go háirithe de réir mar a bhaineann sé le ceist an rogha sa soláthar:

a disgrace that if we want to send kids to an English school, they have to spend an hour on a bus in the morn AND eve, adding to the length of their day. wrecked tired before they even start homework

no choice. didn't mind for creche, but would have chosen English primary and secondary

[my children] come home so happy they are going on a trip or book reading or play, and then find out its as Gaelge. Takes a lot of the fun out it. when we as parents talk to the school, its all about 'funding' because we happen to be in this specific area we have to speak Irish! there are some English events, but they are very VERY few

Mar atá ráite, is líon íseal rannpháirtithe a chuir a gcuid tuairimí in iúl maidir leis an gceist seo ach is fiú mar sin féin léargas a thabhairt ar a dtuairimí ó tharla an easpa léargais a bhí i dtionscadail taighde go dtí seo ar thaithí thuismitheoirí / chaomhnóirí nach bhfuil compordach leis an soláthar oideachais lán-Ghaeilge.

Nótaí trách breise

Ag deireadh an SSTG tugadh deis do na rannpháirtithe a dtuairimí a roinnt maidir le haon ghné dar leo a bhí bainteach le hábhar. Maidir leis na nótaí tráchta a tugadh faoin gceannteideal seo bhí 119 nóta tráchta i gceist. Astu seo bhí naoi nóta tráchta neamhbhailí

don phróiseas códaithe. Tugtar raon leathan téamaí faoi deara sna nótaí trách ta agus rannpháirtithe den chuid is mó ag cur leis an méid a bhí ráite acu cheana féin faoi na ceannteidil A go G. Tugadh faoi phróiseas códaithe ar na téamaí seo agus tá na téamaí a d'eascair as an bpróiseas sin thíos:

- seirbhísí luathbhlianta agus cúram leanaí
- seirbhísí sláinte lán-Ghaeilge
- feasacht agus oiliúint

Seirbhísí luathbhlianta agus cúram leanaí

Mar a bhí i gcás cheannteideal G agus Cúrsaí Oideachais agus Cúram Leanaí á bplé, tá an-éileamh ar sheirbhísí luathoideachais agus luathbhlianta i nGaeilge sna ceantair Ghaeltachta. Ina theannta sin is údar imní do na teaghlaigh a ghlac páirt sa suirbhé an cúram leanaí, go háirithe sa chás go bhfuil tuismitheoirí / caomhnóirí ag obair i rith an lae. Is mian leis na teaghlaigh seo contanam teanga a bheith sa chúram leanaí ach dar leo nach bhfuil sé seo indéanta i gceantair nó i gcásanna éagsúla de bharr bearnaí sa soláthar den chúram leanaí lán-Ghaeilge.

Tugann rannpháirtithe le fios go dteastaíonn seirbhísí cúram leanaí lán-Ghaeilge sna luathbhlianta agus go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh ceangal idir an tseirbhís seo agus seirbhísí eile teaghlaigh sa cheantar a chothódh gréasánú i measc na dteaghlach:

> *I would like if there was a Creche set up in our local town for parents who are looking to go out to work, childminding is hard to get locally. I would also like if there were done more playgroups/weekend activities setup for smaller shed groups to give them extra interaction with their peers*

> *Naíolann ag teastáil go géar [sa cheantar áitiúil]. Tá thart ar 12 páistí óga faoi aois Naíonra (6 mhí-2 bhl 8 mí) [sa cheantar]. [Tá] naíolann ag teastáil freisin do pháistí níos sine, tar éis an Naíonra criochnú ag 12pm & tar éis don scoil críochnú ag 13:30-14:30. Tá feighlí libh ag teastáil má tá na tuismitheoirí ag obair go dtí a 5.*

> *Bhreá liom dá mbeadh naíolann nó ionad éigin ar fáil [sa cheantar áitiúil] ionas go bhféadfainn m'iníon a chur ann tar éis an naíonra. Toisc nach bhfuil an seirbhís seo ar fáil i mo cheantair, bailíonn feighlí linbh í ag a 12 a chlog ach ní bhíonn gaeilge á labhairt ann agus murach an feighlí linbh seo, bhí seans ann go gcaithfinn m'iníon a chur dtí naíonra [i gceantar máguaird] don dara bliain agus is aistear ana fhada é … maidin is trathnóna*

Is léir ó na nótaí trách ta go bhfuil an-suim ag roinnt teaghlach a gclann a thógáil le Gaeilge agus iad sásta an dua a chur orthu féin dul ar thóir sheirbhísí teaghlaigh lán-Ghaeilge. Sa chás go bhfuil bearna sa soláthar, cuireann sé seo go mór leis an mbrú atá ar na teaghlaigh seo cheana féin agus i gcásanna áirithe, níl an dara rogha ag teaghlaigh ach dul i muinín seirbhís lán-Bhéarla de bharr an easpa soláthair:

> *Thóg muid an chéad pháiste le Gaeilge ach nuair a chuaigh mé ar ais ag obair is creche iomlán trí Bhéarla a bhí againn. Ní bhíonn an Naíonra ar oscailt ach cúpla uair a chloig sa ló. Theastódh creche trí Ghaeilge, nó club bricfeasta agus obair Bhaile.*

My children attend a Naíonra but due to distance, they will be attending an English speaking primary school. I would love a club available for them to continue speaking their Irish with other children.

Before and after school much needed [locally] that caters for Irish school. At a huge disadvantage by not having this - struggle having to reply on family /friends to pick up and drop off neighbouring after-school facility

Seirbhísí sláinte lán-Ghaeilge

Tarraingíonn rannpháirtithe aird freisin ar na heasnaimh reatha atá sna seirbhísí sláinte sna ceantair Ghaeltachta agus díomá agus frustrachas ar theaghlaigh nach bhfuil seirbhís i nGaeilge ar fáil dá gclann:

Is i réimse sláinte a bhfuil an easpa Gaeilge le feicáil go soiléar. Tá sé náireach agus déistineach nach bhfuil seirbhisí ar fáil i nGaeilge

Bheadh sé go maith dá mbeadh tuilleadh seirbhísí ar fáil as Gaeilge, agus muid i gceantar Gaeltachta. Nuair a bhíonn gasúir óg, is minic a bhíonn siad i dteagmháil le hoibrithe sláinte, mar sin bheadh sé go maith dá mbeadh na dochtúirí/altraí/srl in ann fiú amháin cúpla nath cainte a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis an gasúr tinn (m.s. 'breathnaigh suas/ síos' srl)

Níl an ndóthain béim ar an nGaeilge sa cheantar i gcásanna seirbhísí sláinte banaltraí / dochtúir/ seirbhís otharchairr/ - sílim gurb é seo an easpa is mó atá ar theaghlaigh.

Feasacht agus oiliúint

Dar le rannpháirtithe eile go bhfuil géarghá le hoiliúint i réimsí éagsúla de sheirbhísí teaghlaigh a chothódh feasacht i measc soláthróirí agus a chuirfeadh le caighdeán na seirbhísí dá réir:

An gad is giorra don scornach...cùrsaí oiliúna do dhaoine atà ag plé le pàistí achan lá i dtaca le saibhriú, fairsingiú agus cruinneas teanga.. tá an curaclam mar atá róchùng. Ní dhéantar trácht ar bith ar phointí gramadaí...ainneoin go mbíonn sé seo sa bhéarla. Ní mhùintear go forleathan na bunrudaí le cuidiú le páistí a gcur féin in iúl sa chaoi agus go mbeidh na rudaí sin sa phobal teanga seachas ag duine nó beirt. Is cuma le mo pháistí bualadh le dochtúir le béarla uair nó dhò sa bhliain ach gach uile lá cloiseann siad… fainteàil sé; deadáil sé sa chlós!!! Ní dhèantar nathanna saoil a mhúineadh de ghnáth

Tacaíocht teanga éigeantach do thuismitheoirí gan Gaeilge go mbeadh ar a gcumas a gcuid gasúr a spreagadh le Gaeilge a labhairt (sna luathbhlianta). Cúrsaí feasachta teanga & tacaíochtaí do theaghlaigh dátheangacha le cén chaoi le dul i ngleic leis an dátheangachas ag baile & cén chaoi ar féidir leis an tuismitheoir le Gaeilge an teanga a sheachadadh chuig a gclann agus ag iompú ar an mBéarla a bheas an teaghlach ar fad

Tá go leor seirbhísí trí mheán na Gaeilge ach tá áit ann do níos mó. Sílim díriú ar phobal agus meon an phobail ar an Ghaeilge agus an tábhacht a bhaineann sé le Gaeilge a labhairt agus cé chomh luachmhar is atá sí.

Ceardlanna a chur ar fáil do phobal na Ghaeltachta maidir le conas is féidir linn a bheith gníomhach i gcaomhnú na Gaoluinne go háitiúil agus chun chur i gcuimhne dona chéile cé chomh tábhachtach is atá an Ghaoluinn i saol na Ghaeltachta i gcoitinn.

Luann rannpháirtithe freisin raon imeachtaí atá de dhíth a bheadh dírithe ar theaghlaigh agus ar ghasúir a bhfuil riachtanais speisialta acu:

Ceardlann do pháistí na gaeltachta le Disléicse AR nos atá ar fail [sa chathair] tré bhearla le dyslexia association of ireland. Club oige do dheagoiri agus ait le dul agus casadh le chéile acu. Club riomhairí

Services for mental health, activity services for teenagers, something for motivating teenagers for life decisions apart from college just life in general like planning for they're future home and saving money for these things.

More frequent early intervention services,speech,ot,

No activities or groups available for children with special needs

Tugtar léargas thíos ar na seirbhísí agus imeachtaí breise ar mhaith leis na teaghlaigh go gcuirfí ar fáil sna ceantair Ghaeltachta éagsúla:

Ba bhreá liom níos mó ranganna agus clubanna a fheiceáil do pháistí bunscoile sa cheantar. Ní chuile gasúir atá go maith ag an spórt agus bheadh sé go deas rudaí ar nós club fichille nó a leithéad a bheith ar fáil dóibh.

More activities for children such as music classes art classes yoga

3 X third level students, very competent in speaking irish but no social outlet for them in this area.... More pop up Gaeltacht social events targeting teenagers and young adults le de thoil.

Bheadh seirbhísí nó ionaid le linn snámha etc an-tairbheach

Ba bhreá liom níos mó ocáidí clainne a bheith ar fáil i nGaeilge chomh maith le ranganna Ceoil, drámaíocht agus damhsa a bheith ar fáil sa gceanntar. Tá sé fíor dheacair clann a thógáil le Gaeilge gan na seirbhísí seo a bheith ar fáil i nGaeilge

Bheadh sé iontach liosta a fháil maidir le na seirbhisí uilig do teaghlaigh atá ar fáil sna ceantair éagsúla agus cinntiú go bhfuil tacaíocht ar fáil go mbeidh na seirbhisí ar fáil sna ceantair Gaeltachta le daonra bheag mar go bhfuil géar gá cinntiú go mbeidh na deiseanna céanna ar fáil. Suirbhé iontach go raibh maith agat!

Tugtar aghaidh anois ar an tátal a bhaintear as nótaí trách ta an SSTG.

Tátal agus Moltaí

Focal Scoir

Tátal agus Moltaí

Eolas á dháileadh

Glactar leis go bhfuil seirbhísí comónta ar fáil do theaghlaigh Ghaeltachta lena n-áirítear seirbhísí cúram leanaí, seirbhísí luathoideachais, seirbhísí oideachais agus seirbhísí dírithe ar chaithimh aimsirí coiteann mar atá spórt, ceol, ealaíon agus réimsí eile nach iad. Bhí mar aidhm ag SSTG iniúchadh a dhéanamh ar na seirbhísí seo agus ar shainsheirbhísí teaghlaigh nach bhfuil fáil fhorleathan orthu ach a mbeadh tairbhe le baint ag teaghlaigh Ghaeltachta astu agus feasacht na dteaghlach ar na seirbhísí sin.

Is léir ó na foghrúpaí sa SSTG nach raibh rannpháirtithe soiléir maidir le roinnt de na seirbhísí a bhí ar fáil dóibh, bíodh sin de bharr nach ndeachaigh siad ar thóir seirbhísí de bharr nár fheil siad dóibh ag an am nó sin nach raibh an t-eolas ar fáil dóibh. Is léir ó na nótaí trachta a cuireadh i láthair sa tuarascáil seo freisin nach bhfuil rannpháirtithe cinnte maidir leis an bhfóram nó an spás gur féidir teacht ar eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil.

Tuigtear go bhfuil roinnt mhaith seirbhísí á soláthar ar bhonn deonach agus gur ualach trom ar sholáthróirí na seirbhísí sin feachtas dáilte eolais a eagrú agus a bhainistiú ó bhliain go bliain. Cé nach dtagann athrú ar spriocghrúpaí na seirbhísí seo, tagann athrú ar lucht a fhreastail, gné a fhágann gur gá spriocghrúpa a aithint gach timthriall den tseirbhís. Tuigtear an dua a chaitheann soláthróirí na seirbhísí seo ar a saothar agus sa chás nach bhfuil seirbhís ar fáil don teaghlach ag an gcéad chéim eile den chonair chúraim bíonn impleachtaí aige seo don teaghlach agus d'inmharthanacht na seirbhísí i gcoitinne.

Eolas á dháileadh: Moltaí

- Moltar go rachfaí i gcomhairle le soláthróirí na seirbhísí do theaghlaigh lena chinntiú go bhfuil bunachar sonraí cothrom le dáta ar fáil a léiríonn leibhéal an tsoláthair reatha seirbhísí sa Limistéar Pleanála Teanga.
- Moltar straitéis feasachta mar aon le straitéis dáilte eolais a dhearadh lena chinntiú go bhfuil an t-eolas cuí á roinnt leis na spriocghrúpaí ábhartha ag an am ceart.

Úsáid na teanga agus soláthar na seirbhísí

Maidir le ceist úsáide teanga agus seirbhísí áirithe á soláthar, go háirithe seirbhísí deonacha, tugtar faoi deara go mbíonn díomá ar roinnt rannpháirtithe in amanntaí mar go n-airíonn siad féin ar an imeall de bharr a n-easpa cumais, nó sin go n-airíonn siad go bhfuil a gcur chuige teanga féin á mhaolú ar mhaithe le freastal ar chur chuige nó cumas teanga theaghlaigh eile. Is léir ó nótaí trachta na rannpháirtithe go bhfuil ardchaighdeán soláthair sna seirbhísí agus gur tóir agus éileamh ar na seirbhísí is cúis leis an míthuiscint seo den chuid is mó.

Ach an oiread le ceist na seirbhísí i gcoitinne, iad siúd atá á soláthar go deonach agus iad siúd a bhfuil dualgas reachtúil ag baint lena soláthar, is é an soláthar agus ní an t-éileamh a chinneann teanga seachadta na seirbhísí. Dóibh siúd ar mian leo na seirbhísí seo a chur ar fáil i nGaeilge, tá dúshlán ollmhór le sárú acu de bharr easpa foirne a bhfuil cumas ard a dhóthain acu sa Ghaeilge sna réimsí ábhartha.

Úsáid na teanga agus soláthar na seirbhísí: Moltaí

- Moltar eolas a roinnt leis na teaghlaigh uile maidir leis an soláthar reatha de sheirbhísí teaghlaigh go háirithe modh agus teanga seachadta an tsoláthair sin lena chinntiú go bhfuil ar chumas na dteaghlach an rogha oiriúnach dá gclann a roghnú.
- Moltar tacaíocht, treoir agus comhairle a chur ar fáil do sholáthróirí na seirbhísí sin lena chinntiú go bhfuil ar a gcumas eolas a roinnt ar bhealach oscailte agus trédhearcach leis an lucht freastail maidir leis na nósmhaireachtaí teanga a bhfuiltear ag súil leo.
- Moltar go n-aontófaí bunleibhéal soláthair imeachtaí agus ranganna lán-Ghaeilge agus dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara cuí lena chinntiú go bhfuil raon leathan imeachtaí ar fáil a shásaíonn an bunleibhéal sin.
- Moltar straitéis éifeachtach feasachta a chur ar bun lena chinntiú go bhfuil eolas á roinnt leo siúd a bhfuil suim acu freastal ar na himeachtaí céanna.

Riachtanais á n-aithint agus leanúnachas idir riachtanais agus soláthar seirbhísí

Mar atá luaite, is iondúil go ndíríonn na seirbhísí faoi chaibidil sa SSTG ar spriocghrúpaí faoi leith agus níor mhiste a mheabhrú don léitheoir gur ar ghasúir idir náid agus dhá bhliain déag d'aois a bhí an taighde seo dírithe. É sin ráite, is léir ó na nótaí tráchta a tugadh gur theastaigh ó rannpháirtithe a dtuairimí agus a dtaithí maidir le haoisghrúpaí eile a roinnt agus cuireadh iad sin san áireamh agus tátail á gcur i láthair. Tá sé luaite thuas gur ualach trom é do sholáthróirí na seirbhísí seo feachtas feasachta a sheachadadh a roinnfeadh eolas leo siúd nach dteastaíonn an tseirbhís uathu go fóilleach. Ainneoin na gcastachtaí sin luaite, má tá an pobal le tairbhe a bhaint as an tseirbhís ní mór an spriocghrúpa agus a gcuid riachtanas a aithint sula gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Chinnteodh sé seo ní hamháin go mbeadh feidhm éifeachtach leis an tseirbhís do lucht úsáide na seirbhíse sin ach freisin go mbeadh ar chumas soláthróirí na seirbhísí sin pleanáil don fhreastal agus don éileamh.

Tá sé riachtanach i gcás na pleanála teanga go mbeadh leanúnachas sa soláthar agus i gcaighdeán an tsoláthair sin lena chinntiú go bhfuil an pobal uile páirteach agus gníomhach sna straitéisí pleanála teanga atá dírithe ar an bpobal teanga. Tá géarghá riachtanais na dteaghlach ag staideanna éagsúla den chonair chúraim a aithint agus rannpháirtithe an phróisis a aithint dá réir.

Riachtanais á n-aithint agus leanúnachas idir riachtanais agus soláthar seirbhísí: Moltaí

- Moltar na spriocanna pleanála teanga atá dírithe ar mhór-réimse an teaghlaigh a aithint mar aon leis na seirbhísí a dhéanann freastal ar na spriocanna céanna. Is í an anailís seo a léireodh cén áit ar féidir an leanúnachas sa soláthar a dhaingniú agus freisin cá bhfuil na bearnaí reatha sa soláthar agus sa fhreastal.
- Moltar go rachfaí i mbun oibre ar mhúnla soláthair a chinnteodh go mbeadh leanúnachas sa soláthar a dhéanfadh freastal ar na grúpaí uile déimeagrafacha.

Seirbhísí sláinte agus cearta teanga

Pléadh thuas an staid reatha maidir leis an mbearna idir éileamh agus soláthar sna seirbhísí teaghlaigh i nGaeilge, ó sport go ceol go himeachtaí ar líne: de bharr easpa daoine a bhfuil ar a gcumas seirbhísí teaghlaigh a chur ar fáil i nGaeilge, go minic bíonn gá cur chuige

dátheangach nó aonteangach Béarla a ghlacadh má táthar leis an tseirbhís a sholáthar don phobal. Is iondúil freisin go mbíonn rogha ag tuismitheoirí / caomhnóirí páirt a ghlacadh nó seasamh siar ó na seirbhísí sin ag brath ar a mianta féin de réir mar a bhaineann sé le cur chuige teanga an teaghlaigh.

Mar atá i gcás sheirbhísí oideachais agus cúram leanaí, áirítear seirbhísí sláinte i measc na seirbhísí sin nach bhfuil rogha ag an teaghlach maidir lena n-úsáid agus bíonn an teaghlach, i gcás na seirbhísí sláinte ar a laghad ar bith, go hiomlán faoi chomaoin ag an soláthar sa cheantar áitiúil.

Is léir ó fhreagraí na rannpháirtithe sa SSTG go bhfuil ráta thar a bheith ard sástachta ina measc maidir le soláthar na seirbhísí sláinte i nGaeilge, cé go bhfuil an leibhéal soláthair i nGaeilge, dar leis an rannpháirtithe, réasúnta íseal ag 21%. Is léir freisin ó na freagraí a thugtar go mbraitheann roinnt tuismitheoirí / caomhnóirí go bhfuil tionchar diúltach ag na heasnaimh sa soláthar reatha ar chaighdeán an tsoláthair agus go mbíonn leibhéal íseal cumais teanga na gcleachtóirí leighis ag seasamh sa mbealach ar an tuiscint atá ag na cleachtóirí sin ar shláinte an othair, an gasúr arb í an Ghaeilge a chéad theanga sa gcás seo. Cé go nglactar leis go minic go mbíonn an tuismitheoir / caomhnóir in ann nó toilteanach aistriúchán a dhéanamh ar an tseirbhís, ní gá go mbeadh an cur chuige seo oiriúnach ná sásúil.

Mar atá agus téamaí eile faoi chaibidil, tá sé ríthábhachtach go mbeadh tuiscint ag soláthróirí seirbhísí leighis a dhéanann freastal ar theaghlaigh Ghaeltachta ar an ról atá acu i gcur chuige teanga an teaghlaigh agus an tionchar dearfach nó diúltach a d'fheadfadh a bheith acu ní hamháin ar nósmhaireachtaí iompair an teaghlaigh sin ach freisin ar an tuiscint atá féin acu ar shláinte agus ar fholláine an othair.

Seirbhísí sláinte agus cearta teanga: Moltaí

- Moltar go ndéanfaí dianstaidéar ar an bhfreastal atá á dhéanamh ar chearta an tsaoránaigh sa Ghaeltacht mar a bhaineann sé le cúrsaí sláinte, agus béim faoi leith ar na baill sin den phobal atá faoi aois nó a bhfuil riachtanais speisialta acu agus an rochtain atá acu siúd ar sheirbhísí leighis sa teanga atá oiriúnach dóibh.

Taighde san earnáil i gcoitinne

Is iomaí tionscadal taighde a rinneadh le blianta anuas a chaith solas ar sheasamh agus ar staid na Gaeilge i réimsí éagsúla den tsochaí Ghaeltachta: seirbhísí luathbhlianta; an t-oideachas ag an mbun agus ag an iar-bhunleibhéal; seirbhísí don óige; polasaithe agus cleachtais Ghaeilge i réimse na heacnamaíochta; seirbhísí teaghlaigh; an fhorbairt phobail agus réimsí eile nach iad. Níl amhras ar bith faoi ach go bhfuil ról lárnach ag taighde géarchúiseach, gairmiúil agus trédhearcach sa phróiseas pleanála teanga.

Tarlaíonn go minic agus taighde den chineál seo ar bun go n-iarrtar ar na rannpháirtithe céanna nó na grúpaí céanna déimeagrafacha páirt a ghlacadh i dtionscadail éagsúla. Cé go bhfuil an cur chuige seo intuigthe lena chinntiú go bhfuil na páirtithe leasmhara ábhartha páirteach sa taighde, cuireann an rannpháirtíocht leanúnach an rannpháirtíocht amach anseo i mbaol. Tá an chontúirt ann go n-éireodh an pobal tuirseach den rannpháirtíocht, go háirithe murar léir an bhfuil cur chuige straitéiseach agus comhtháite i bhfeidhm. Tá an baol ann dá réir go dtarraingeoidís siar ón bpróiseas taighde go hiomlán, gné a chuirfeadh deireadh le haon phróiseas rathúil pleanála teanga. Cé go mbeidh gá i gcónaí le taighde

reatha agus tráthúil, is gá a chinntiú nach bhfuil dúbláil ar an obair ná ar an gcur isteach atáthar a dhéanamh ar phobal ná ar institiúidí na Gaeltachta.

I dtaca leis an obair atá de dhíth ar mhaithe le cur chuige straitéiseach agus comhtháite a dhearadh agus a ghlacadh agus an taighde idir lámha, is ann do réimsí eile ina bhfuil géarghá go fóill le taighde a chaithfeadh solas ar riachtanais an phobail Ghaeltachta maidir le seirbhísí teaghlaigh agus seirbhísí eile atá ábhartha do na teaghlaigh sin. Áirítear ina measc:

- próifíl na dteaghlach Gaeltachta maidir lena n-iompar teanga agus na cúiseanna leis an iompar sin;
- tuairimí agus taithí na dteaghlach ar an bpobal ina maireann siad, an chuid sin den phobal a dhéanann cur síos orthu féin mar bhaill de phobal Gaeltachta agus an pobal atá lonnaithe go tíreolaíoch i gceantar Gaeltachta ach nach n-airíonn ceangal nó gaol faoi leith leis an sainiú 'Gaeltachta';
- teaghlaigh a bhfuil riachtanais speisialta acu agus a dtaithí siúd ar sheirbhísí teaghlaigh;
- deiseanna comhoibrithe idir struchtúir an phobail agus an córas pleanála teanga;
- staidéar ar an soláthar seirbhísí teaghlaigh dírithe ar na grúpaí déimeagrafacha ábhartha don chomhthéacs seo.

Taighde san earnáil i gcoitinne: Moltaí

- Moltar go dtabharfaí faoi chur chuige taighde straitéiseach náisiúnta, ina mbeadh raon leathan páirtithe leasmhara páirteach, a bhaileodh buneolas ábhartha don phleanáil teanga ar bhun rialta in institiúidí poiblí na Gaeltachta, mar shampla, institiúidí oideachais, eagraíochtaí cultúrtha agus spóirt, ionaid sláinte, ionaid oibre agus suíomhanna eile nach iad. Moltar go mbeadh gach Limistéar Pleanála Teanga páirteach sa straitéis seo agus go mbeadh fáil dá reir ag páirtithe leasmhara ar thorthaí an taighde sin.
- Moltar oiliúint a chur ar fáil i gcleachtais taighde lena chinntiú go bhfuil leas á bhaint as na modheolaíochtaí cuí agus an taighde seo á dhearadh agus moltaí an taighde sin á gcur i bhfeidhm agus freisin lena chinntiú go bhfuil an cur chuige céanna taighde á ghlacadh i ngach Limistéir Pleanála Teanga.

Focal Scoir

Bhí mar aidhm ag an taighde seo iniúchadh a dhéanamh ar na seirbhísí comónta agus sainsheirbhísí atá ar fáil do theaghlaigh Ghaeltachta agus freisin feasacht na dteaghlach i leith na seirbhísí sin. Ainneoin gur le linn COVID 19 a tugadh faoin taighde, ghlac 1,059 teaghlach Gaeltachta páirt sa suirbhé a reáchtáladh ar líne. Tugadh deis do na teaghlaigh sin a dtuairimí nó tuilleadh eolais a thabhairt ar na ceisteanna éagsúla i bhfoirm nótaí trachta. Scríobhadh 1, 127 nóta trachta ar an iomlán agus tugann an líon ard nótaí trachta léargas ar an bhfonn atá ar thuismitheoirí / chaomhnóirí í i gceantair Ghaeltachta a dtaithí agus a dtuairimí ar an ábhar seo a roinnt. Is foinse shaibhir eolais agus taithí na nótaí trachta seo a chuimsíonn taithí thuismitheoirí / chaomhnóirí Gaeltachta ar sheirbhísí teaghlaigh agus an tionchar atá ag an bhfreastal sin ar shaol an teaghlaigh agus an phobail.

Léiríonn torthaí an SSTG go han-soiléir gur taithí dhearfach atá ag formhór mór na rannpháirtithe ar chúrsaí teanga sna seirbhísí teaghlaigh i nGaeilge sna réimsí éagsúla a bhí faoi chaibidil sa suirbhé. É sin raite, áirítear dúshláin ar leith agus seirbhísí á seachadadh, ina measc: cur chuige díscaoilte sa dáileadh eolais; úsáid na teanga i soláthar seirbhísí do theaghlaigh, go háirithe i gcás sheirbhísí leighis; easpa leanúnachais i soláthar na seirbhísí teaghlaigh; easpa taighde straitéiseach fócasaithe a bheadh mar thaca agus seirbhísí teaghlaigh á bhforbairt agus á gcur chun cinn.

Is léiriú an taithí agus na tuairimí a chuirtear in iúl sna nótaí trachta ar an tábhacht a bhaineann le ról lárnach a bhronnadh ar theaghlaigh i gceantair Ghaeltachta sa phróiseas comhtháite pleanála teanga.

Tuismitheoirí na Gaeltachta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

Údarás na Gaeltachta

TÁIS MAITH!